




Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

**Western Region  
Public Analyst's Laboratory**  
Réigiún an Iarthair  
Saotharlann an Anailisí Phoiblí

**Annual Report 2010**  
Tuarascáil Bhliantúil 2010



DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG, 2010

## BUÍOCHAS

Is cúis áthais dom an tuarascáil seo, a léiríonn obair na saotharlainne seo le linn 2010 a chur i láthair.

Táim buíoch den fhoireann uilig as an sárchaighdeán oibre, a ndúthracht agus a bhfoighid ar feadh na bliana agus muid ag oibriú faoi shrianta buiséid agus laghdú foirne.



Rory Mannion  
Anailísí Poiblí

July 2011

Tá leagan Gaeilge agus Béarla den tuarascáil seo ar shuíomh gréasáin an FSS ([www.hse.ie](http://www.hse.ie)).

<b>CLÁR</b> .....	<b>LEATHANACH</b>
<b>Buíochas</b> .....	<b>ii</b>
<b>1. RÉAMHRÁ:</b> .....	<b>1</b>
1.1 Ról na Saotharlainne .....	1
1.2 Custaiméirí .....	1
1.3 Forbairt Náisiúnta .....	1
1.4 Riarachán.....	2
1.5 Airgeadas.....	2
1.6 Ualach Oibre .....	2
<b>2. BIA:</b> .....	<b>2</b>
2.1 An tSeirbhís a Chuirtear ar Fáil .....	2
2.2 Cigireacht agus Faireachas Bia.....	3
2.3 Seirbhís na Saotharlainne um Shábháilteacht Bia: Forbairtí & Athbhreithnithe srl. ....	3
2.4 Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach) do 2010.....	4
2.5 Truaillitheoirí Bia .....	6
2.6 Cothú/Comhdhéanamh, Breiseáin, Lipéadú srl.....	10
2.7 Samplaí de Ghearáin.....	14
2.8 Tuarascálacha ar Fholáirimh agus Guaiseanna/Éilliú Bia.....	15
<b>3. UISCÍ/EISILTIGH:</b> .....	<b>16</b>
3.1 Réamhrá.....	16
3.2 Foinsí Shamplaí 2010 .....	16
3.3 Caighdeán Uisce.....	16
3.4 Fluairídiú Soláthairtí Poiblí Uisce.....	16
3.5 Paraiméadair Cheimiceacha Uisce Óil .....	17
3.6 Uisce Haema-scagdhealaithe .....	19
3.7 Samplaí Príobháideacha .....	19
3.8 Uiscí Snámha .....	20
3.9 Uiscí Linnte.....	20
3.10 Eisiltigh.....	20
<b>4. TRUAILLIÚ AEIR:</b> .....	<b>21</b>
4.1 Reachtaíocht Eorpach .....	21
4.2 Reachtaíocht Náisiúnta.....	21
4.3 Torthaí Saotharlainne .....	21
<b>5. CÓGAIÓSÍOCHT &amp; TOCSAINEOLAÍOCHT:</b> .....	<b>22</b>
5.1 Saotharlann Cógaisíochta.....	22
5.2 Saotharlann Tocsaineolaíochta.....	23
<b>6. COSMAIDÍ:</b> .....	<b>24</b>
<b>7. BITHMHONATÓIREACHT DAONNA:</b> .....	<b>28</b>
<b>8. TÁSTÁIL ILGHNÉITHEACH:</b> .....	<b>29</b>
<b>9. RÁTHÚ CAIGHDEÁIN:</b> .....	<b>29</b>
<b>10. OILIÚINT FOIRNE:</b> .....	<b>31</b>
<b>11. CRUINNITHE/COISTÍ srl.</b> .....	<b>31</b>
<b>12. TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE:</b> .....	<b>31</b>
<b>Aguisín 1</b> Clár Samplála/Anailísiú Bia 2010.....	32
<b>Aguisín 2</b> Tábla Torthaí Catagóirí Bia – Sáruithe srl.....	34
<b>Aguisín 3</b> Príomhfhaireachas Oifigiúil Earraí Bia.....	35
<b>Aguisín 4</b> Torthaí Bliantúla 2000 go 2010 – Truaillitheoirí Bia srl. ....	36
<b>Aguisín 5</b> Torthaí Fluairíde .....	37
<b>Aguisín 6</b> Táblaí don Aerthruailliú & Torthaí PM <sub>10</sub> 2010.....	40
<b>Aguisín 7</b> Lucht Foirne.....	42
<b>Gluais Giorrúchán</b> .....	<b>45</b>

## I. RÉAMHRÁ

### I.1 Ról na Saotharlainne

Is í an saotharlann seo agus a comhsaotharlanna i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh atá i gceist le Seirbhís Shaotharlann Anailísí Phoiblí na hÉireann. Is é a bpríomhról ná cosaint an tsláinte phoiblí trí sheirbhís neamhspleách anailíseach agus chomhairleach a chur ar fáil don phobal go ginearálta agus do ghníomhaireachtaí éagsúla rialtais. Tá na réimsí seirbhíse seo a leanas á soláthar ag an saotharlann seo:

- Bia
- Uisce
- Cógaisíocht agus Tocsaineolaíocht
- Monatóireacht Aeir
- Cosmaidí

### I.2 Custaiméirí

#### Anailís Bia

- Oifigigh Sláinte Chomhshaoil.
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- safefood (FSPB)
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
- Ranna Rialtais
- Tionscail
- An Pobal Ginearálta

#### Anailís Uisce

- Oifigigh Sláinte Chomhshaoil.
- Údarás Áitiúla
- Ospidéal
- Tionscail
- An Pobal Ginearálta

#### Monatóireacht Aeir

- Comhairle Cathrach na Gaillimhe

#### Cógaisíocht

- Bord Leigheasra na hÉireann
- Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
- An Roinn Sláinte

#### Tocsaineolaíocht

- Paiteolaithe Comhairleacha
- Tréidlianna
- An Pobal Ginearálta

#### Cosmaidí

- Oifigigh Sláinte Chomhshaoil.
- An Roinn Sláinte
- Bord Leigheasra na hÉireann
- An Pobal Ginearálta



### I.3 Forbairt Náisiúnta

Tugtar saotharlanna réigiúnacha ar Shaotharlanna na nAnailísithe Poiblí mar go mbídís ag soláthar seirbhís dá réigiún geografach san am atá caite, anailís bia agus uisce den chuid is mó.

Leanadh leis an bpátrún seo sna 1990aidí nuair a thug an Roinn Sláinte agus Leanaí faoi mhaoirseacht ar bhunú Coistí Réigiúnacha Bia chun faireachas bia a chomhordú. Le bunú Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann forbraíodh cur chuige níos náisiúnta i leith faireachas bia.

Thar thréimhse fada ama, d'fhorbair chaon cheann de Shaotharlanna na nAnailísithe Poiblí as a stuaim féin de bharr éileamh réigiúnach a n-úsáideoirí seirbhíse. Aithníodh sa tuarascáil 'Athbhreithniú Straitéiseach ar Sheirbhís na Saotharlainne Sábháilteachta Bia' i 2004 go raibh gá le seirbhís níos comhordaithe sa Réimse Tástála Bia. Moladh sa tuarascáil freisin go gceapfaí Oifigeach Eolaíochta le maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na seirbhíse. Níor cuireadh na moltaí seo i bhfeidhm go hoifigiúil faraoir.

I mbliana, d'aontaigh na trí shaotharlann go méadóidís leibhéal an chomhordaithe eatarthu ó thaobh faireachas Bia agus go bhforbródh gach saotharlann réimsí aontaithe speisialtóireachta (Féach cuid 2.3.2).

Is iad na príomhbhuntaistí a bheadh anseo ná go bhfaighfí réidh le dúbláil, rud a ghnóthódh breis éifeachtúlachta agus cost-éifeachta, agus go bhforbrófaí leibhéal níos airde saeolais, le gach saotharlann ag tabhairt breis ama agus acmhainní do réimsí ar leith oibre.

De bharr cúinsí eacnamaíochta reatha agus ionchasacha, beidh laghdú leanúnach ar leibhéal na n-acmhainní a bheidh ar fáil do sheirbhísí poiblí go ginearálta. Tá sé riachtanach mar sin na hacmhainní atá ag éirí níos gainne a úsáid sa mbealach is cost-éifeachtaí chun cur le leibhéal agus caighdeán ár seirbhíse.

Leanfar le speisialtóireacht anailís bia sheirbhís Shaotharlann an Anailísí Phoiblí le gach saotharlann ag cur lena saeolas i réimse ar leith rud a chruthóidh seirbhís náisiúnta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

#### 1.4 Riarachán

Is iad an Stiúrthóireacht um Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach atá laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá i mbun riarachán na saotharlainne.

#### 1.5 Airgeadas

Is buiséad €2.868 milliún a bhí ag an saotharlann do 2010. Ioncam €215,697 a bhí ann don bhliain. D'fheidhmigh an saotharlann laistigh den bhuiséad.

#### 1.6 Ualach Oibre

Seo líon na samplaí a tástáladh le linn na bliana:

Bianna	2,727
Uiscí	8,613
Cógaisíocht	96
Tocsaineolaíocht	198
Cosmaidí	448
Monatóireacht Aeir	1,092
Ilghnéitheach	34
<b>Iomlán</b>	<b>13,208</b>

## 2. BIA

### 2.1 An tSeirbhís a Chuirtear ar Fáil

Déantar monatóireacht oifigiúil ar bhia inár réigiún (FSS an Iarthair) ó thaobh sábháilteacht cheimiceach\*, caighdeáin, agus freisin ó thaobh comhlíonadh reachtúil. Déantar roinnt faireachas náisiúnta freisin. Is iad Oifig Shláinte Chomhshaoil (OSCanna) an FSS agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI, [www.fsai.ie](http://www.fsai.ie)) ár bpríomhchliant, féach Tábla 1, a léiríonn foinsí uilg na samplaí. Tástáiltear le haghaidh truaillitheoirí, ailléirginí, cothaithe, breiseáin, comhdhéanamh agus lipéadú srl. Sa tseirbhís a chuirtear ar fáil áirítear faireachas cláraithe agus tástáil ad-hoc (gearáin agus rabhaidh bia, samplaí ó 'chigireachtaí srl.) de réir mar is gá. Déantar tástáil ar ghearáin phríobháideacha bia agus ar shamplaí deimhniúcháin Easpórtála Bia do thionscail agus don phobal. Tugtar faoi roinnt tionscnamh i dtaighde fheidhmeach freisin i gcomhar le safefood, [www.safefood.eu](http://www.safefood.eu).

Déileálann na hoifigigh údaráithe (OSCanna) agus Údarás um Shábháilteacht Bia na hÉireann mar is cuí le cásanna um neamh-chomhlíonadh a bhíonn braite i samplaí.

*\*féach Tuarascálacha na Saotharlainne Micribhitheolaíochta Bia, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, d'achóimre ar thorthaí na tástála Micribhitheolaíochta bia i gceantar FSS an Iarthair.*



## 2.2 Cigireacht agus Faireachas Bia

Is ar an tionscal bia (déantóirí, allmhaireoirí, mórdhíoltóirí, lónadóirí agus miondhíoltóirí) atá an phríomhfhreagracht reachtach maidir le sábháilteacht bia a chinntiú. Is é an obair is mó a mbíonn an FSS ag plé leis ó thaobh na sábháilteachta bia de ná an forfheidhmiú reachtaíochta, lena n-áirítear:

- **Monatóireacht ar chórais agus oibríochtaí ginearálta na sábháilteachta bia** (AGPRC, Sláinteachas srl.) atá leagtha síos don tionscal bia. Déantar é seo trí chigireacht agus iniúchadh srl., monatóireacht ar shláinteachas bia ach go háirithe;

- **Monatóireacht ar shábháilteacht agus ar chaighdeán an bhia trí anailís saotharlainne.** Déantar monatóireacht ar bhiana féachaint an bhfuiltear ag cloí le caighdeáin reachtúla ar leith sábháilteachta (micribhitheolaíoch, ceimiceach agus fisiceach) agus le critéir ghinearálta sábháilteachta agus caighdeán/déantús.

## 2.3 Seirbhís na Saotharlainne um Shábháilteacht Bia – Forbairtí & Athbhreithnithe srl.

### 2.3.1 Ginearálta

Tá Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia á chur ar fáil ag an FSS trína 7 Saotharlann Oifigiúil Micribhitheolaíochta Bia agus 3 Saotharlann Anailísí Phoiblí. I mí Iúil 2004 foilsíodh tuarascáil dar teideal: “A Strategic Developmental Review of Health Board Food Control Laboratories (safefood 2004)” <http://www.safefood.eu/Global/Publications/Research%20reports/StrategicDevelopmentReviewOfHealthBoardFoodControlLaboratories.pdf?epslanguage=en>

Sa tuarascáil seo tá 16 moladh a áiríonn, inter alia: na saotharlanna a nascadh le chéile mar Sheirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia aontaithe agus ilsuíomhach. Níor cuireadh na moltaí seo i bhfeidhm go hoifigiúil fós. Tá an dara hAthbhreithniú a bhaineann leis an saotharlann seo á dhéanamh ag an nGrúpa um Nuachóiriú Seirbhísí Saotharlainne (FSS). Bunaíodh an grúpa seo i ndiaidh Thuarascáil “Teamwork” 2008:

[http://hse.ie/eng/Publications/services/Hospitals/Teamwork\\_report\\_Implementing\\_a\\_new\\_system\\_of\\_service\\_delivery\\_for\\_laboratory\\_medicine\\_services.pdf](http://hse.ie/eng/Publications/services/Hospitals/Teamwork_report_Implementing_a_new_system_of_service_delivery_for_laboratory_medicine_services.pdf)

a bhí dírithe ar nuachóiriú na seirbhíse saotharlainne cliniúil in Éirinn.

Taobh amuigh de sin, deineadh dul chun cinn i 2009/2010 ar

an Athbhreithniú ar Shampláil Bia san FSS, faoi mar a bhí aontaithe sa gConradh Seirbhíse idir ÚSBÉ agus an FSS. Bhí an FSS agus ÚSBÉ páirteach san athbhreithniú. Forbairt thábhachtach a tháinig as an athbhreithniú seo is ea an comhordú náisiúnta agus réigiúnach ar shampláil bia, le sampláil breise á dhéanamh i luathstaidéanna (mórdhíol, iompórtáil, déantúsaíocht srl.) an tslabhra bia.

### 2.3.2 Speisialtóireacht Tástála i Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí

Nuair a bhunaigh An Roinn Sláinte na coistí réigiúnacha bia sna 1990aidí is ea a leagadh síos rialú oifigiúil earraí bia ar bhun réigiúnach, faireachas bia san áireamh a bhí mar sproic acu. I ndiaidh leathnú na seirbhíse, agus idirghníomhú breisithe idir Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí agus ÚSBÉ ó thimpeall na bliana 2000, tugadh isteach tástáil nuafheidhmithe, ar bhunús ceann ar cheann, mar speisialtóireachtaí i saotharlann aonair. Leanadh leis an bpróiseas speisialtóireachta mar gheall ar mholadh san Athbhreithniú Strategic Developmental Review of Health Board Food Control Laboratories 2004 (féach 2.3.1 thuas) go ndéanfaí forbairt bhreise ar chumas tástála speisialaithe i Seirbhís na Saotharlainne um Shábháilteacht Bia. Ba spreagadh breise freisin i leith na speisialtóireachta é leathnú Saotharlann Tagartha Náisiúnta an AE (le go n-áireofaí Salmonella, Míceatocsainí, Hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAHs), Miotail Throma srl.). Socraíodh go mbeadh SAP Bhaile Átha Cliath ina Saotharlann Tagartha Náisiúnta do Hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAHs), Míceatocsainí agus Ábhair Teagmhála Bia, agus SAP Chorcaí ina Saotharlann Tagartha Náisiúnta do Mhiotail Throma. Le spreagadh ón ÚSBÉ, deineadh cinneadh i 2009/10 an chuid eile de thástáil bia na seirbhíse SAP a atheagrú ar bhonn náisiúnta. I ndiaidh sraith cruinnithe i 2010 leis an lucht foirne agus i measc na nAnailísithe Poiblí aontáíodh ar Dhoiciméad Speisialtóireachta mionsonraithe. Áiríonn an doiciméad an tástáil bia uilig a dhéanann na SAPanna (PALs), agus iad ainmnithe mar Speisialaithe nó Príomha (tástálacha déanta sna trí saotharlann). I measc na mór-speisialtóireachtaí atá aontaithe go dtí seo tá:

**SAP Bh Á Cliath:** Truailitheoirí Próiseáil Bia, Ábhair Teagmhála Bia, Míceatocsainí....

**SAP Chorcaí:** Miotail Throma, Speiceasú/Truailimheascadh Feola, OGManna (GMOs), Lotnaidicídí....

**SAP na Gaillimhe:** Ailléirginí Bia, Tocsainí Nádúrtha Eile, Suirbhéanna Salainn, Aigéad Fólach....

Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar an bpróiseas speisialtóireachta i 2011.

## 2.4 Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach) do 2010.


### 2.4.1 Clár Réigiúnach Faireachas Ceimiceach 2010

Cuireann an FSS agus ÚSBÉ eatarthu Clár Réigiúnach Faire Bia (Ceimiceach) le chéile, a bhíonn comhordaithe go náisiúnta, agus dírithe go príomha ar thosaíochtaí riosca bhunaithe a d'aithin an ÚSBÉ agus ar riachtanais samplála réigiúnacha san FSS. Comhordaíonn an ÚSBÉ an Plean Ilbhliantúil Náisiúnta um Rialú atá ag Éirinn agus bíonn na Clár Faireachais Bia áirithe ann.

Tá Clár um Thástáil Cheimiceach FSS an lathair do 2010 léirithe in Aguisín 1.

### 2.4.2 Torthaí do 2010

Deineadh na suirbhéanna uilig a bhí leagtha amach do 2010, tháinig 2,727 sampla uilig isteach. Léiríonn an Figiúr thíos an 'staid' ag ar thóg Oifigigh Sláinte Chomhshaoil Réigiún an lathair samplaí (níl gearáin san áireamh) i 2010. Tá laghdú ar an sampláil miondíola.



### 2.4.3 Staitisticí do 2010

Tá daonra 1,010,690 (daonáireamh 2006) sa réigiún atá á chlúdach ag an saotharlann, sé sin FSS an lathair, agus tástáladh 2,727 sampla bia i 2010, sin 2.70 in aghaidh gach 1,000 den daonra. Ba ghearáin iad 105 sampla [féach cuid 2.7] agus ba nithe eile iad 2,622. As na 2,622 thuas, eisíodh tuarascálacha "Dímholta" do 217 (8.3%) (sé sin, torthaí tástálacha a léirigh sárú ar Chaighdeáin Dhlí Bia na hÉireann); tá an figiúr sin (8.3%) cosúil le figiúirí blianta roimhe sin:

## Tuarascálacha "Dímholta" (mar % de na samplaí a tástáladh, gan gearáin a áireamh).

Bliain	%
2010	8.3
2009	6.4
2008	7.4
2007	8.3
2006	5.4
2005	4.7
2004	5.0
2003	4.5
2002	5.1
2001	4.2
2000	5.1

As na sáruithe seo, bhain 179 le heaspa sa lipéadú, go mórmhór samplaí ó áitribh eitneacha miondíola. Tugtar achoimre in Aguisín 2 ar na catagóirí earraí bia, na gearáin i leith sáruithe, agus ar na samplaí eile a fuarthas ó FSS an lathair agus ón bPobal Ginearálta. Tá achoimre thíos i dTáblaí 1 agus 2 ar obair 2010 de réir réigiún agus foinse samplála.



**Tábla 1: Foinsí na Samplaí Bia (2010)**

Curtha isteach ag/Cineál Sampla	Líon Samplaí	Líon ar eisíodh Tuarascálacha Diúltacha dóibh
<b>Oifigigh Sláinte Chomhshaoil (FSS an Iarthair)</b>		
Gnáthamh Neamhfhoirmiúil (Clár Samplála)	1,492	167
Poiblí (Gearáin Bia trí OSCanna)	94	55
Samplaí ó chigireachtaí (neamhchláraithe)	45	14
Samplaí leantacha (neamhchláraithe)	68	9
<b>An Pobal Ginearálta</b>		
Gearáin	11	9
Eile	121	5
<b>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann</b>	422	18
<b>Rabhadh Bia</b>	3	0
<b>An Ghníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara &amp; BIP (Poist Cigearacht Teorain)</b>	42	1
<b>An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia &amp; Seirbhís Tréidliachta Údaráis Áitiúil</b>	64	3
<b>DC Saotharlainne &amp; Forbairt ar Mhodhanna srl</b>	128	0
<b>Deimhniúchán Easpórtála</b>	237	0
<b>MÓRIOMLÁN</b>	<b>2,727</b>	<b>281</b>

**Tábla 2: Foinsí Shamplaí Bia FSS an Iarthair (2010)**

Seirbhís OSC um Chúram Pobail sa Limistéar Contae	Líon Samplaí Curtha Isteach (seachas gearáin)	Líon in aghaidh gach 1,000 daonra*
Gaillimh	335	1.45
Maigh Eo	200	1.62
Ros Comáin	136	2.32
An Clár	182	1.64
Luimneach	285	2.11
Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir	206	1.80
Dún na nGall	226	1.54
Sligeach/Liatroim/Iarthar an Chabháin	191	2.10

\* Bunaithe ar dhaonáireamh 2006



#### 2.4.4 Achoimre Iomlán ar Thorthaí agus Caighdeán Bia 2010

Tugadh faoi raon leathan faireachais i 2010 i leith truaillitheoirí/breiseáin/lipéadú srl mar aon le tástáil cothú sláinte phoiblí (salann, éilimh chothaitheacha, aigéad fólach srl.). Tá na torthaí tugtha de réir paraiméadar i gcodanna 2.5 go dtí 2.7. Fuarthas roinnt cásanna truailliú bia, mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe sin, agus dhéileáil na hOifigigh Sláinte Chomhshaoil agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leo seo mar is cuí.

Bhí leibhéal íseal samplaí truaillithe ann ar an iomlán i 2010. Chomh maith leis sin, sheas an laghdú ar líon na samplaí gearáin faoi bhia a cuireadh isteach i gcomparáid le blianta roimhe seo (féach 2.7). Eisíodh II Tuarascáil Guaise/Éilliúcháin (féach 2.8) i 2010.

**Sna mórtorthaí atá tuairiscithe anseo do 2010 léirítear ardchaighdeán comhlíontachta mar aon le hardchaighdeán bia go ginearálta inár réigiún.**

**Nóta:** Tá córas il-ghníomhaireachta in Éirinn d'fhaireachas oifigiúil bia – féach léiriú in Aguisín 3. Féach Tuarascálacha Bliantúla ÚSBÉ, - [www.fsai.ie](http://www.fsai.ie) agus tuarascálacha na ngníomhaireachtaí seo (an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha, Údarás Áitiúla, FSS srl) atá páirteach i rialú oifigiúil bia, le theacht ar an bpictiúr mór faoi shábháilteacht agus glaineacht ár soláthar bia.



#### 2.5 Truaillitheoirí Bia

##### 2.5.1 Ginearálta

Déantar monatóireacht ar thruaillitheoirí agus ar iarmhair 'cheimiceacha' i mbia le sábháilteacht an bhia agus comhlíonadh reachtaíochta a chinntiú; orthu seo áirítear Tocsainí Nádúrtha, Truaillitheoirí Tionsclaíocha/Comhshaoil, Truaillitheoirí ó Phróiseáil/Phacáistiú Bia, Ailléirginí, Iarmhair Chóireála Plandaí agus Ainmhithe agus Ábhair Choimhthíochta srl.

Déantar comhordú náisiúnta ar fhaireachas truaillitheoirí agus iarmhair in Éirinn. Léiríonn an tástáil a bhfuil cur síos air sa tuarascáil seo tosaíochtaí na dtuaillitheoirí a d'aithin FSS an Iarthair agus ÚSBÉ.

##### Nótaí:

(i) Cuireann Gníomhaireachtaí Oifigiúla Eile agus ÚSBÉ (féach Aguisín 3 agus [www.fsai.ie](http://www.fsai.ie)) tuairiscí le chéile freisin faoi thruaillitheoirí & iarmhair i mbia. Cuireann Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh (Teagasc) Bunachar Sonraí Náisiúnta um Iarmhair Bia ar fáil go bliantúil d'Éirinn (féach <http://nfrd.teagasc.ie/>).

(ii) Tá sonraí faoi éilliú Micribhitheolaíoch bia le fáil i dtuarascálacha de chuid na Saotharlann Oifigiúil um Micribhitheolaíocht Bia, i dtuarascálacha Ranna/Gníomhaireachtaí eile (féach Aguisín 3) agus i dtuarascálacha ÚSBÉ ([www.fsai.ie](http://www.fsai.ie)).

(iii) Cuireann an ÚSBÉ forbheathnuithe nuashonraithe le chéile maidir le Reachtaíocht an AE agus na hÉireann ar Thruaillitheoirí Bia.



##### 2.5.2 Truaillitheoirí Bia – Rialachán CE 1881/2006 (& 1126/2007, arna leasú).

Leagan Rialachán CE 1881/2006 síos teorainneacha do raon truaillitheoirí ceimiceacha i mbia. Tá achoimre i dTábla 3 ar thástáil ábhartha a deineadh anseo i 2010.

**Tábla 3: Truailitheoirí Bia – Rialachán CE 1881/2006 (mar a leasaíodh) - Príomhthástáil i 2010**

Truailitheoir	Teorainneacha	Cineálacha Samplaí	Iomlán	Comhlíonadh	Neamh-Chomhlíonadh
Aflatocsainí (B <sub>1</sub> , B <sub>2</sub> , G <sub>1</sub> , G <sub>2</sub> )	2.0µg/kg (B <sub>1</sub> ) 4.0µg/kg (Iomlán)	Rís & Plúr rise	17	17	0
		Min Bhuí & táirgí Min Bhuí	13	13	0
		Táirgí Cnónna	10	10	0
		Cnónna	7	7	0
		Eile	2	2	0
<b>Fo-iomlán Aflatocsainí</b>			<b>49</b>	<b>49</b>	<b>0</b>
Fúmainisíní (B <sub>1</sub> , B <sub>2</sub> )	1,000µg/kg	Min Bhuí & táirgí Min Bhuí	7	7	0
	-	Táirgí Arbhair, Plúr srl.	7	7	0
	-	Rís /Plúr Rise	7	7	0
<b>Fo-iomlán Fúmainisíní</b>			<b>21</b>	<b>21</b>	<b>0</b>
Luaidhe <sup>3</sup> (Pb)	0.8mg/dm <sup>2</sup> or 4.0mg/L	Cré-earraí boird	46	46	0
	0.3 to 1.5mg/kg	lasc & táirgí lascaigh	59	59	0
	0.05mg/kg	Bunús Deochanna	62	62	0
	0.020mg/kg	Foirmilí Naíonna/Foirmilí leanúna	26	26	0
	10.0µg/L	Uisce (Buidéalaithe)	15	15	0
	0.20mg/kg	Rís	38	38	0
	0.1 to 0.3mg/kg	Torthaí/Glasraí/fataí	65	65	0
	0.20 mg/kg (gránaigh)	Plúr, Gránaigh srl.	5	5	0
	-	Taenna luibhe/tae	6	6	0
	-	Vitamíní & Forlíonta Bia	22	22	0
	-	Uibheacha agus Táirgí Uibheacha	5	5	0
	-	Táirgí Déiríochta	6	6	0
-	Meascán d'Anraithí	5	5	0	
-	Ilghnéitheach	30	30	0	
<b>Fo-iomlán Luaidhe (Pb)</b>			<b>390</b>	<b>390</b>	<b>0</b>
Caidmiam <sup>3</sup> (Cd)	0.07mg/dm <sup>2</sup> or 0.3mg/L	Cré-earraí boird	46	46	0
	0.05 to 1.0mg/kg	lasc & táirgí lascaigh	60	57	3
	-	Bunús Deochanna	62	62	0
	-	Foirmilí Naíonna/Foirmilí leanúna	26	26	0
	5.0µg/L	Uisce (Buidéalaithe)	15	15	0
	0.20mg/kg	Rís	38	38	0
	0.05 to 0.2mg/kg	Torthaí/Glasraí/fataí	66	65	1
	-	Taenna luibhe/tae	6	6	0
	0.1 to 0.2mg/kg	Plúr, Gránaigh srl.	5	5	0
	1.0 to 3.0mg/kg	Vitamíní & Forlíonta Bia	22	22	0
	-	Uibheacha agus Táirgí Uibheacha	5	5	0
	-	Táirgí Déiríochta	6	6	0
-	Meascán d'Anraithí	5	5	0	
-	Ilghnéitheach	19	19	0	
<b>Fo-iomlán Caidmiam (Cd)</b>			<b>381</b>	<b>377</b>	<b>4</b>
Mearcair <sup>3</sup> (Hg)	0.50 to 1.0mg/kg	lasc & táirgí lascaigh	87	85	2
	-	Bunús Deochanna	62	62	0
	-	Foirmilí Naíonna/Leanúna	43	43	0
	-	Bia Naíonna/Leanaí	38	38	0
	-	Táirgí Inite Feamainne	3	3	0
	-	<b>Fo-iomlán Mearcair (Hg)</b>	<b>233</b>	<b>231</b>	<b>2</b>
Beinzi-[a]-Piréin <sup>4</sup>	2.0µg/kg (Ola)	Bia & Forlíonta Ola srl	32	32	0
	2.0µg/kg (Ola & lasc)5.0µg/kg (lasc Deataithe)	lasc Stánaíthe in Ola	23	23	0
	-	Eile	2	2	0
<b>Fo-iomlán Beinzi-[a]-Piréin</b>			<b>57</b>	<b>57</b>	<b>0</b>
3-MCPD <sup>5</sup>	0.02mg/kg (Anlann Soighe & H.V.P)	Anlann Soighe	18	18	0

- <sup>1</sup> Is tocsainí fungusacha iad Aflatocsainí a d'fhéadfadh bianna áirithe (cnónna, torthaí tirim srl) a thruailliú, bia óna trópaicí/fothrópaicí go mórmhór.
- <sup>2</sup> Is tocsainí fungusacha iad Fúmainisíní a thruaillíonn bianna ar nós arbhar agus táirgí arbhair anois is arís.
- <sup>3</sup> I gcás sonraí AE i leith nochtadh do Mhiotail Throma (As, Cd, Pb & Hg) féach Tuarascáil SCOOP an AE [http://europa.eu.int/comm/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop\\_3-2\\_11\\_heavy\\_metals\\_report\\_en.pdf](http://europa.eu.int/comm/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop_3-2_11_heavy_metals_report_en.pdf)
- <sup>4</sup> Is hidreacarbón itimthriallach aramatach (PAH) é beinzi [a] piréin a d'fhéadfadh bianna deataithe/dóite a thruailliú. Féach tuarascáil PAH an AE ag [http://ec.europa.eu/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop\\_3-2-12\\_final\\_report\\_pah\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop_3-2-12_final_report_pah_en.pdf)
- <sup>5</sup> 3-MCPD, d'fhéadfadh truailliú 3-monochloropropanediol tarlú nuair a dhéantar hidrealú aigéadach ar earraí bia m.sh. hidrealú aigéadach anlainn soighe.

Ceann de na rudaí is coitianta go n-eisítear Fógraí Mear-Rabhadh AE fúthu ná **Aflatocsainí** i mbia iompórtáilte. Tástáladh 49 sampla anseo i 2010 agus ní raibh an iomarca aflatocsainí in aon cheann acu.

Deineadh tástáil **Luaidhe agus Caidmiam** ar mheascán mór bianna i 2010 (féach Tábla 3), ní raibh ach ceithre shampla acu seo go raibh an iomarca Caidmiam (Cd) iontu, trí shampla príobháideach portán agus sampla amháin meacan bán. Déantar tástáil go leor le haghaidh Luaidhe/Caidmiam i mbia mar go mbítear

ag iarraidh sonraí d'ionghabháil chothaithe a eisiúint freisin.

Scrúdaigh le ICP-MS 15 sampla d'uisce buidéal ó thaobh truaillitheoirí miotalacha (Iniúchadh ar thástáil uisce) agus ní raibh an iomarca miotal in aon cheann acu.

### 2.5.3 Truaillitheoirí Eile Bia srl.

Tá achoimre i dTábla 4 thíos ar thorthaí thástáil truaillitheoirí srl. i 2010 seachas iad siúd atá clúdaithe i Rialachán CE Uimh. 1881/2006.

**Tábla 4: Truaillitheoirí/Iarmhair Eile Bia: Achoimre ar Thorthaí 2010.**

Truaillitheoir	Teora(inneacha) (Foinse dleathach)	Cineálacha Samplaí	Iomlán	Comhlíonadh	Neamh chomhlíonadh
Bith-thocsainí Mara <sup>1</sup>	Cinntí AE 2002/225/CE & 2002/226/CE				
Tocsainí DSP <sup>2</sup>	160 µg/kg	Diúilicíní, Oisrí, Breallach	14	14	0
Tocsainí AZA <sup>3</sup>	160 µg/kg	Diúilicíní, Oisrí, Breallach	14	14	0
Tocsainí ASP <sup>4</sup>	20 mg/kg	Mar atá thuas	30	30	0
Glútan (sampláil OSC) <sup>5</sup>	200 ppm*	Bianna atá déanta saor ó Ghlútan <sup>5</sup>	13	13	0
	20 ppm*	Bianna atá saor ó Ghlútan go nádúrtha	222	218	4
Glútan (samplaí príobháideacha)	200 ppm*	Bianna atá déanta saor ó Ghlútan <sup>5</sup>	3	3	0
	20 ppm*	Bianna atá saor ó Ghlútan go nádúrtha	79	79	0
Glútan (suirbhé ÚSBÉ ar Bhianna um Scoitheadh)	Níor cuireadh aon teorainn i bhfeidhm	Bianna cruithneacht bhunaithe a úsáidtear de ghnáth do scoitheadh leanaí	16	N/A	N/A
Pis Talún	Treoir 2003/89/CE	Milseogra	169	169	0
Hiostaimín/Aimíní Bithghineacha <sup>7</sup>	200mg/kg (Rialachán CE 1441/2007)	lasc Scombroid srl. (Tuinnín, Ronnach...)	289	284	5
Arsanaic (As)	0.5 mg/kg (IR 44 de 1972)	lasc & táirgí lascaigh	1	1	0
		lghnéitheach	4	4	0
		Rís/Min Bhuí/Gránaigh	42	42	0
		Táirgí Inite Feamainne	5	5	0
		Uisce (Buidéalaithe)	15	15	0
Substaintí Antaibhaictéaracha (ABS) <sup>8</sup> (Tástáil 4-Plate CE)	'Crios' Coisc 2mm	Sicín	16	16	0
		Muiceoil	16	16	0

- <sup>1</sup> D'fhéadfadh na tocsainí seo bailiú i sliogéisc a fhástar in uisce farráige ina bhfuil algaí muiri tocsaitheach. Sampláil na seirbhíse OSC ar leibhéal Miondíola/Lónadóireachta (den chuid is mó) (trí shampla curtha amach ar conradh chuig Foras na Mara). Is ag leibhéal na táirgthe a dhéanann an Roinn CMAN/Foras na Mara an phríomh-mhonatóireacht oifigiúil.
- <sup>2</sup> Nimhiú Diarrhetic ó Shliogiasc (DSP).
- <sup>3</sup> Azaspiracid (AZA).
- <sup>4</sup> Nimhiú Ainnéiseach ó Shliogiasc (ASP)
- <sup>5</sup> Tagraíonn go príomha do bhianna atá saor ó Ghlútan agus atá bunaithe ar stáirse cruithneachta.
- <sup>6</sup> Áiríonn samplaí Gnáthamh, Cigireachta agus Gearán.
- <sup>7</sup> Aiminí tástáilte do: hiostaimín; tyramine; cadaverine; putrescine. Cruthaítear aiminí bithghineacha amanna in iasc srl. as aimináigéid a dhéanann baictéir. Is meisce cosúil le hailléirge é nimhiú hiostaimín nó Scombroid.  
Is teora 200mg Hiostaimín an kg atá i gceist do gach sampla ar leith. I gcás baics naoi sampla ní cheadaítear leibhéal hiostaimín > 100mg/kg ach in dhá shampla.
- <sup>8</sup> Tá príomh-mhonatóireacht oifigiúil á dhéanamh ag leibhéal táirgthe (monarchana feola srl) ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Iascaigh agus ag na hÚdaráis Áitiúla.
- \* Athbhreithníodh agus foilsíodh Caighdeán Codex 118 – 1979 ag deireadh 2008, agus laghdaigh an caighdeán seo an leibhéal 200ppm a bhí ann roimhe seo do 'bhianna atá déanta saor ó ghlútan' go dtí 100ppm; d'fhoilsigh an AE Rialachán (CE) 41/2009 ar an 20 Eanáir 2009 agus na teorainneacha céanna ann le caighdeán Codex 2008; cuirfead, áfach, an Rialachán AE seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2012 ach go mbeidh na teorainneacha glútan Codex roimhe seo (200 ppm & 20ppm) i bhfeidhm (le chomhaontú an ÚSBÉ) go dtí 2012.

### Ailléirginí (Glútan agus Próitéin Pis Talún)

**Glútan:** Is nimh do chéiliaigh iad na próitéiní Glútain atá i gcruithneacht, eorna, seagal agus ina meascán crosantach. Leagan CODEX agus Rialachán CE Uimh 41/2009 na teorainneacha nua glútain síos mar seo a leanas:

- 100 mg/kg do bhianna atá “an-íseal i nglútan”, ina bhfuil comhábha(i)r amháin nó níos mó le glútan iontu
- 20 mg/kg do bhianna atá saor ó ghlútan go nádúrtha.

I 2010 fuarthas raon leathan bianna saor ó ghlútan ó chógaslanna, siopaí bianna sláinte, ollmhargaí agus ó lucht déantúsaíochta áitiúil. Ní raibh ach 4 cinn de shamplaí cláraithe oifigiúil an FSS (“táirgí saor ó ghlútan go nádúrtha”) nár chloí le teorainneacha na reachtaíochta. Léiríonn na torthaí thuas go bhfuil, ar an iomlán, ardchaighdeán (ó thaobh leibhéil glútain) bianna saor ó ghlútan ar fáil don tomhaltóir.

Tá tuairisc faoi Bhianna atá Saor ó Ghlútan curtha le chéile ag Grúpa Oibre ÚSBÉ, - féach <http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/4a70f71b-7c15-4e72-bd6f-c85deba481de.pdf>

Rinneamar anailís freisin, don ÚSBÉ i 2010, ar 16 sampla bia a úsáidtear mar bhianna um scoitheadh – ní bianna saor ó ghlútan a bhí i gceist ach a mhalairt, ba bhianna le cruithneacht go leor acu (arán, gránaigh, plúr, pasta). Tugadh faoin tionscnamh seo le fáil amach cé mhéad glútan a bheadh á fháil ag leanaí a bheadh á scoitheadh, deineadh anailís ar an méid glútain atá i mbianna a thugtar do leanaí de ghnáth agus iad á scoitheadh.

I 2010 thosaigh an saotharlann seo ar anailís bunaithe

ar ELISA do **Phis Talún** i mbianna, tá an teicníc seo bunaithe ar úsáid antashubstaintí polaclónacha ar na próitéiní ailléirgineacha Ara h1 agus Ara h2 i bPis Talún. I 2010 rinneamar anailís ar 169 sampla bia (seacláid agus cineálacha eile milseogra go príomha) féachaint an raibh pis talún iontu, go mórmhór na táirgí le lipéid ‘saor ó chnónna nó pis talún’ orthu. Ba chuid de chlár lipéadaithe trasghníomhaireachta 2010 a chomhordaigh ÚSBÉ é seo. Léirigh an anailís seo nach raibh neamhchomhlíonadh ar bith ann, na samplaí a raibh pis talún iontu bhí lipéid orthu a dúirt “d’fhéadfadh go bhfuil pis talún anseo”. Ní raibh aon rian pis talún i bhformhór na samplaí leis na lipéid seo – taispeánann seo go mb’fhéidir go bhfuil na tionscail bia atá i gceist ag brath an iomarca ar an gcineál seo lipéadaithe. Tá ÚSBÉ ag ullmhú tuarascáil faoin tionscnamh seo a fhoilseofar i 2011.



Tástáladh 289 sampla iasc anseo i 2010 do **Hiostaimín** agus do 3 amín bithghineach eile, viz. Putrescine, Cadaverine agus Tyramine. Ina measc seo bhí 207 sampla (23x 9 foshampla) ón Údarás Cosanta lascaigh Mara (SFPA), 18 sampla (2 x 9 bhfoshampla) Ionad Iniúchadh Teorann (BIP) ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus 64 sampla ó Oifigigh Sláinte Chomhshaoil.

Bhí an iomarca Hiostaimín (127 -2133mg/kg) i 5 de na 289 sampla, ag áireamh 1 sampla OSC (filléad tuinnín) agus 4 shampla ón BIP (as sraith de 9). Cuireadh amach Rabhadh RASFF (Córas Mear-Rabhaidh Bia agus Beathú) faoina samplaí BIP a tógadh ag Calafort Bhaile Átha Cliath (luanta tuinnín stánaithe as an Téalainn).

Bhí os cionn an mheáin Cadaverine i 5 shampla (>100 mg/kg), os cionn an mheáin Tyramine i 3 shampla (>100 mg/kg) ; agus os cionn an mheáin Putrescine (>100 mg/kg) i 2 shampla. Le tuairisc ghinearálta a fháil ar nimhiú hiostaimíneach féach ar <http://www.fda.gov/Food/GuidanceComplianceRegulatoryInformation/GuidanceDocuments/Seafood/FishandFisheriesProductsHazardsandControlsGuide/ucm091910.htm>.

## 2.6 Cothú/Comhdhéanamh, Breiseáin, Lipéadú srl.

Tháinig méadú le blianta anuas ar an tástáil cothaitheach/comhdhéanaimh a dhéanann an saotharlann, go mórmhór sna réimsí 'salann'/sóidiam, aigéad fólach agus gnáthlipéadú bia.



Nutritional Information			
Typical Composition when Cooked		Per 100g	Per ¼ Pizza Serving
Energy		1202kJ	1653kJ
Protein		286kcal	393kcal
Carbohydrate		12.4g	17.1g
of which Sugars		29.2g	40.2g
Total Fat		4.1g	5.6g
of which Saturates		12.7g	17.5g
Fibre		4.6g	6.3g
Sodium		1.8g	2.5g

### 2.6.1 Sóidiam/Salann i mBia.

Tá iarracht mhór idirnáisiúnta á dhéanamh leis an méid 'Salainn'/Sóidiam a thógann daoine sa mbia a laghdú. Thosaigh Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann ag déileáil leis seo go luath in Éirinn (i 2002), féach an tuairisc foilsithe dar teideal "Salt and Health: Review of the Scientific Evidence and Recommendations for Public Policy in Ireland", [www.fsai.ie/uploadedFiles/Science\\_and\\_Health/salt\\_report-1.pdf](http://www.fsai.ie/uploadedFiles/Science_and_Health/salt_report-1.pdf).

Tugann sonraí atá luaite sa tuarascáil agus a bhaineann le hÉirinn le fios go dtiocfadh laghdú timpeall 1,700 ar an méid daoine a fhaigheann bás in Éirinn in aghaidh na bliana ó stróc agus galar ioscaemach croí dá dtarlódh an laghdú molta maidir leis an méid salainn a thógann daoine. Tá ÚSBÉ, i gcomhar leis an tionscal bia, ag cur clár i ngníomh chun na leibhéil salainn a laghdú sna príomhbhianna próiseáilte ina mbíonn salann, féach [http://www.fsai.ie/science\\_and\\_health/salt\\_and\\_health.html](http://www.fsai.ie/science_and_health/salt_and_health.html) le nuashonrú dul chun cinn a fháil. Ba í an aidhm a bhí ann ná an meánionghabháil salainn a laghdú go 6 gr sa ló (ó 10gr sa ló) faoin mbliain 2010. Moltar gur 4g sa lá an méid is mó a bheadh á thóigeal isteach ar deireadh. Aontaíodh freisin ar chreat AE comónta i leith laghdú ginearálta de, ar a laghad, 16% in ionghabháil salainn faoin mbliain 2012. Tugtar achoimre i dTábla 5 ar thorthaí suirbhéanna 2010 an ÚSBÉ agus ar fhaireachas cláraithe eile (Samplaí OSC).

**Tábla 5: Achoimre ar Thorthaí Thástáil Salainn (Sóidiam & Potaisiam) 2010**

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl		Samplaí Tástáilte	Meán Torthaí (g/100g)	Raon na dTorthaí (g/100g)
'Salann' (Sóidiam & Potaisiam)	Arán Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	132	0.48	0.25 – 0.88
		Potaisiam	132	0.19	0.10 – 0.74
	Anraithí, Anraithí glé agus Anlainn Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	114	1.25	0.09 – 6.40
		Potaisiam	114	0.34	0.04 – 1.38
	Sicín Amh Samplaí ÚSBÉ	Sóidiam	3	0.05	0.05 – 0.05
		Potaisiam	3	0.38	0.36 – 0.40
	Anraithí, Anraithí Glé agus Anlainn Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	17	3.8	0.07 – 11.77
		Potaisiam	17	0.24	0.05 – 0.73
	Bia leanaí/Bianna um Scoitheadh Suirbhé réigiúnach FSS	Sóidiam	31	0.07	<0.01 – 0.18
		Potaisiam	31	0.21	0.05 – 0.69
	Béilí Réamhullmhaithe Suirbhé réigiúnach FSS	Sóidiam	54	0.25	0.02 – 0.55
		Potaisiam	54	0.23	0.08 – 0.41
	Feoil & Táirgí Feola Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	17	1.5	0.24 – 6.00
		Potaisiam	16	0.29	0.08 – 0.43
	Bianna Próiseáilte Ilghnéitheacha <sup>1</sup> Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	11	0.94	<0.01 – 5.59
		Potaisiam	11	0.35	0.02 – 0.22
	Gránaigh agus Táirgí Báicéireachta Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	71	0.30	0.01 – 1.68
		Potaisiam	71	0.25	0.04 – 0.61
	Bia Naíonna Grán-bhunaithe Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	12	0.05	0.01 – 0.17
		Potaisiam	12	0.30	0.07 – 0.71
	Milseogra Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	24	0.15	0.01 – 0.42
		Potaisiam	23	0.30	0.05 – 0.57
	Snaiceanna Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	7	0.38	0.02 – 0.60
		Potaisiam	6	0.36	0.16 – 0.70
Bainne Leantach Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	5	0.16	0.14 – 0.20	
	Potaisiam	5	0.57	0.38 – 0.74	
Arán Príobháideach	Sóidiam	4	0.43	0.41 – 0.44	
	Potaisiam	4	0.17	0.12 – 0.22	
Uisce Buidéalaithe Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	13	185 (mg/L)	13 – 1720 (mg/L)	

<sup>1</sup> Ag áireamh glasraí stánaithe agus picilte, earraí bia dirithe ar úsáidí speisialta cothaithe, síolta, tae, im, cáis agus iógart.

**Béilí Ullmhaithe:** seasann meánluach sóidiam 0.25g g/100g na mBéilí Ullmhaithe (Cócaráilte/Ullmhaithe san áitreabh) do 0.63g 'salainn' (clóiríd sóidiam) in aghaidh an 100g, agus do 2.52 gram salainn in aghaidh gach béile (do bhéile ar mheáchan 400g). Ciallaíonn seo go bhfuil timpeall 63% den sprioc deiridh ionghabháil laethúil salainn (4g) sa mbéile ullmhaithe.

**Nóta:** Tá Taighde Bia Theagasc i mBaile an Ásaigh ag déanamh taighde le salann a laghdú i mbéilí réamhullmhaithe (féach an píosa i 'TRResearch' Imleabhar 5, Uimhir 2. Samhradh 2010).

Ba leanúnachas é an faireachas thuas i 2010 don ÚSBÉ ar an obair a tosaíodh i 2003. Go dtí seo tá suirbhé déanta ar na príomhchatagóirí bia sin a chuireann lena bhfuil de shóidiam á ithe agus bíonn suirbhéanna leantacha san áireamh a choinníonn súil ar mhéid an laghdaithe a bhaintear amach. Tá achoimre sa Tábla thíos ar na príomh-shuirbhéanna don ÚSBÉ.

Bliain	Catagóirí Bia	Líon Samplaí	Meán na dTorthaí Sóidiam (g/100g)	Raon na dTorthaí Sóidiam (g/100g)
2003	Aráin	100	0.60	0.17 – 1.13
	Gránaigh Bricfeasta	83	0.33	0.002 – 0.91
2004	Béilí Réamhullmhaithe	51	0.29	0.08 – 0.64
	Anlainn srl.	52	0.65	0.19 – 4.32
	Feoil Próiseáilte/Leasaithe	266	1.01	0.07 – 2.50
	Criospaí/Sneiceanna	45	0.76	0.23 – 2.38
2005	Bianna Leanaí/Foirmlí Naíonna	136	0.01	<0.005 – 0.37
	Sneiceanna/Bianna Frichta	87	0.57	0.006 – 1.67
	Bianna réamhullmhaithe	73	0.49	0.06 – 1.58
	Aráin	113	0.51	0.23 – 0.99
	Anraithí	126	2.17	0.19 – 8.61
2006	Aráin	71	0.54	0.28 – 0.92
	Táirgí Feola	223	0.90	0.20 – 1.89
	Criospaí srl.	98	0.80	0.29 – 2.12
2007	Gránaigh Bricfeasta	119	0.28	<0.01 – 0.8
	Leatháin/Im	75	0.54	<0.01 – 1.15
2008	Feoil Próiseáilte	26	0.85	0.44 – 1.13
	Aráin	6	0.41	0.40 – 0.43
	Gránaigh Bricfeasta	24	0.13	<0.01 – 0.30
	Leatháin/Im	12	0.33	<0.01 – 0.53
	Criospaí, Grán Rósta & Sneiceanna	124	0.60	<0.01 – 1.93
2009	Feoil Próiseáilte/Táirgí Feola	127	0.81	0.04 – 2.36
	Anlainn srl.	71	0.40	0.06 – 1.44
	Béilí Réamhullmhaithe	58	0.23	0.07 – 0.41
	Cáiseanna	70	0.80	0.19 – 1.61

### 2.6.2 Tástáil Eile Cothúcháin

Tá achoimre i dTábla 6 faoi thástáil eile cothúcháin a deineadh anseo i 2010.

**Tábla 6: Tástáil Eile Cothúcháin/Comhdhéanaimh 2010.**

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl	Samplaí Tástáilte	Raon na dTorthaí(µg/100g)
Aigéad Fólach	Foirmlí Naíonna	25	55 - 180
	Bianna Naíonna (Tirim)	11	100 - 136
	Forlíonta Aigéad Fólach II-vitimíní srl.	60	(% den Luach Lipéadaithe) 51 - 266

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl	Samplaí Tástáilte	Raon na dTorthaí (g/100g)
Saill	Foirmle Leantach	5	20.8 – 28.3
	Bianna um Scoitheadh	46	< 0.2 – 17.0
	Béilí Réamhullmhaithe/Ullmhaithe	25	0.4 – 15.4
	Barraí Milseogra	19	10.2 – 42.9
	Eile (Déirí, QA/PTS srl.)	20	-
Próitéin	Foirmle Leantach	5	9.0 – 11.4
	Bianna um Scoitheadh	48	0.3 – 15.7
	Bianna Tanúcháin	19	3.5 – 46.9
	Ilghnéitheach (Feoil & Táirgí Gránach..)	11	4.7 – 11.6
	Eile (Gearáin, QA/PTS srl.)	16	-

Tugadh isteach tástáil **Aigéad Fólach** sa saotharlann seo i 2006 mar acmhainn anailíseach don ÚSBÉ i dtaca le treisiú éigeantach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar arán le haigéad fólach. I dtuairisc an Ghrúpa Feidhmiúcháin um Threisiúcháin le hAigéad Fólach [www.fsai.ie/assets/0/86/204/cc3c2261-7dc8-4225-bf79-9a47fbc2287b.pdf](http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/cc3c2261-7dc8-4225-bf79-9a47fbc2287b.pdf) níor moladh treisiú éigeantach ach moladh go ndéanfaí monatóireacht (dheonach) ar threisiú na mbianna ar an margadh. Deineadh suirbhéanna i 2010 (féach Tábla 6) ar fhoirmle naíonna, bianna naíonna (tirim) agus forlíonta/il-vitimíní aigéad fólach (don mhéid Aigéad Fólach iontu). Ar an iomlán bhí na torthaí taobh istigh den raon measta, cé go raibh níos mó aigéad fólach i roinnt mhaith samplaí

d'fhorlíonta aigéad fólach ná mar a bhí thíos ar an lipéad. Léirigh na torthaí an t-easpa i lámháltais aontaithe náisiúnta agus AE maidir le lipéadú cothaitheach ar bhianna.

Ghníomhaigh an ÚSBÉ agus na hOifigh Sláinte Chomhshaoil air seo. Beidh tuairisc níos mionsonraithe á eisiúint ag ÚSBÉ i 2011.

### 2.6.3 Torthaí Cáilíochta 2010 do Bhreiseáin/Lipéadú/Comhdhéanamh.

Tá achoimre i dTábla 7 ar thástáil éagsúil i 2010 do bhreiseáin/lipéadú/chomhdhéanamh srl.

**Tábla 7: Achoimre Thorthaí Cáilíochta 2010 do Bhreiseáin/Lipéadú/Comhdhéanamh**

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl	Líon Samplaí Tástáilte & Torthaí		
		Iomlán	Ag Cloí le caighdeán	Ní raibh ag cloí le caighdeán
Beansóatí & Sorbáit <sup>1</sup>	Deochanna boga (19), Anlainn (14) & Sailéad Ullmhaithe (1)	34	34	0
Dé-ocsaíd Sulfair <sup>1</sup> (Sulfítí)	Feoil/Iasc (118), Fíon/Beoir/Deochanna Alcóil (17), Cloicheáin/Portáin/Ribe Róibéis (20), Torthaí/Glasraí Tirime (27), Fataí Scafa (8), Deochanna Boga (23)	213	204	9
Nítrítí & Níotrítí <sup>1</sup>	Feoil Leasaithe (25) Uiscí goirt (2) & Táirgí Feola (5)	32	28	4
Ionradaíocht Bia <sup>2</sup> Scagadh Ionrais Fóta-spreagtha	Luibheanna/Spíosraí (16), Tae luibhe/Tae (7) Vitimíní & Forlíonta Bia (29), Síolta (2) & Eile (2)	56	56	0
Tástáil Déiríochta <sup>3</sup>	Táirgí déiríochta (Bainne, Uachtar, srl)	38	36	2
Lipéadú Ginearálta	Bianna Pacáistithe Ilghnéitheacha	533	354	179
Láidreacht Alcóil	Biotáillí ar thomhais Tigh Ósta	13	13	0
Eile: pH Tag. Innéacs/Sol. Solaid	Cineálacha Bia Ilghnéitheacha Subha, Seatnaí srl.	363 11	363 11	0 0

<sup>1</sup> Údarú agus teorainneacha leagtha síos in Ionstraim Reachtúil Uimhir 40 de 2008. De réir Treoracha AE caithfidh ballstáit monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus ionghabháil Breiseán.

<sup>2</sup> Údaraíonn I.R. 297 de 2000 ionradaíocht luibheanna, spíosraí agus blastáin glasraí. Caithfear lipéadú chuige seo a chur ar bhianna ionradaithe

<sup>3</sup> Tástálacha Éagsúla: ALP ('Paistearadh'), Substaintí Toirmeascacha (tástáil Delvo), FPD/Uisce seachtrach, Saill, Próitéin, Lipéadú Ginearálta srl. Ní áirítear táirgí déiríochta a fuarthas do thástáil eile (Éilimh Coth., Luaidhe (Pb) srl.) sa líon samplaí.



Is iad an ÚSBÉ agus FSS a dhéanann cinneadh bliantúil faoin rogha **breiseán** a ndéantar monatóireacht orthu. Áirítear i measc na bhfachtóirí - úsáid, baol dul thar iontógálacha laethúla inghlactha (ADIs), ceisteanna eile maidir le riosca agus stair thorthaí roimhe sin. Déantar an tástáil le haghaidh monatóireacht i leith comhlíonadh reachtaíochta agus freisin chun sonraí faoina leibhéal agus iontógáil a bhailiú don AE. Léiríonn torthaí na saotharlainne seo (féach Tábla 7) ardleibhéal comhlíonta leis na caighdeáin i 2010. Déileálann na hoifigigh údaraithe leis na cásanna um neamh-chomhlíonadh.

**Lipéadú Ginearálta:** Cónascann Ionstraim Reachtuil Uimh. 483 de 2002 reachtaíocht lipéadú earraí bia go ginearálta. Tá forbhreathnú ar reachtaíocht um lipéadú agus gnáthaimh fhorfheidhmiúcháin & srl léirithe i bhfoilseachán ÚSBÉ (The Labelling of Food in Ireland – FSAI 2007)

<http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/5dfb809a-7902-4f03-bb6a-6e25a5a09736.pdf>.

Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le próiseas comhairliúcháin ar athchóiriú na reachtaíochta Eorpaigh um lipéadú bia agus leanfar leis seo isteach i 2011. Mar thoradh air seo, déanfar athdhréachtú ar riachtanais lipéadaithe ginearálta agus cothúcháin an AE agus tabharfar isteach riachtanais lipéadaithe nua ar leith chun, mar shampla, lipéadú cothúcháin riachtanacha a chlúdach chomh maith le breis lipéadaithe tír bhunaidh ar fheoil seachas feoil bhólachta.

Scrúdaíodh 514 sampla anseo i 2010 féachaint an raibh siad ag comhlíonadh na reachtaíochta um lipéadú agus bhí 179 acu ag sárú na gcaighdeán sa reachtaíocht seo. Eascraíonn go leor de na deacrachtaí as bianna atá próiseáilte in Oirthear na hEorpa agus bianna próiseáilte 'eitneacha' eile nach bhfuil lipéadaithe i mBéarla ná i nGaeilge, agus easpa Dearbhú Comhábhar Cainníochtúil (QUID) sa lipéadú agus as gnéithe a bhaineann le lipéadú earraí bia le héilimh chothúcháin agus/nó sláinte nach gceadaítear faoi théarmaí Rialachán (CE) 1924/2006.




## 2.7 Samplaí de Ghearáin.

Tagann samplaí gearáin chun cinn nuair a fhaigheann tomhaltóirí truailliú, inmhiólú, lotamas, ábhar seachtrach nó lochtanna eile i mbianna. Bíonn roinnt gearán ann mar gheall ar tharlúintí nimhiú bia (scrúdaítear na samplaí seo den chuid is mó i saotharlanna Micribhitheolaíocht Bia, ach d'fhéadfadh go dteastódh tástáil cheimiceach freisin). De ghnáth bíonn ábhar coimhthíoch i láthair sna samplaí gearán a phróiseáiltear sa saotharlann seo ar nós feithidí, ribí/snáithíní, 'smionagar' gléasra, plaisteach, gloine, miotal, gnáthdhusta/ábhar neamhaitheanta nó boladh/blas aisteach ar an mbia.

Deineadh iniúchadh ar 105 sampla gearán anseo i 2010, tháinig 94 ón tseirbhís OSC agus 11 go díreach ón bpobal. Amach as an 105, eisíodh tuarascáil dhiúltach i gcás 65 acu (62%), (féach Aguisín 2 do bhriseadh síos de réir an chatagóra bia). Tá laghdú leanúnach ar líon na ngearán bia chuig an saotharlann seo ó mheán rialta thart ar 230 sa mbliain (1999-2003) go meán 129 (2004 – 2010). Níltear cinnte céard is cúis leis an laghdú seo ach b'fhéidir go bhfuil na miondíoltóirí níos fearr ag déileáil leis na gearáin.

Ní fhaightear gearáin ach faoi chéatadán an-bheag bia i gcomparáid leis an méid ábhar bia a itear inár réigiún.

Complaint Samples Testing



## 2.8 Tuarascálacha ar Fholáirimh agus Guaiseanna/Éilliú Bia

Gníomhaítear Córas Mear-Rabhaidh Bia agus Beathú an AE (RASFF) nuair a thuiriscíonn ballstát mórthruailliú/riosca a bhaineann le baic bia nó beathú. Tá achoimre gearr thíos ar Thuarascáil Fógraí RASFF an AE i 2009

[http://ec.europa.eu/food/food/rapidalert/docs/report2009\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/food/food/rapidalert/docs/report2009_en.pdf) de réir grúpa Guaise:

Grúpa Guaise/Riosca	Líon na bhFógraí (2009)
Bia: Guaiseanna Ceimiceacha agus Fisiceacha <sup>1</sup>	2,227
Bia: Guaiseanna Micribhitheolaíochta <sup>2</sup>	557
Bia: Guaiseanna/Rioscaí Eile <sup>3</sup>	480
Guaiseanna Beathú Ainmhithe <sup>4</sup>	10

<sup>1</sup> Míceatocsainí, Miotail Throma, Rian Loitnadaidí agus Tréidliachta, Breiseáin, Ailléirgíní, Bith-thocsainí Mara, GMOs,, Ábhar Coimhthíoch, Ionradaíocht, Imeacht ó ábhair theagmhála bia, Comhdhéanamh, Truailitheoirí, srl.

<sup>2</sup> Baictéir Pataigineach (Salmonella, Listéire srl) agus Víris, Truailiú Micribhitheolaíochta Eile, TSE's.

<sup>3</sup> Srianta easpacha, Táirgeadh neamhúdaraíthe, Lipéadú ar iarraidh srl. Pacáistiú Lochtach, Lochtanna Orgánaileipteacha, Seadáin, Eile.

<sup>4</sup> Gach guais fógartha faoi Bheathú d'Ainmhithe.

Eisíonn an saotharlann **Tuarascálacha um Ghuais/Éilliú Bia** chuig an tseirbhís OSC agus ÚSBÉ nuair a dhéantar amach go bhfuil mórthruailliú i gceist. Nuair a dhéanann an ÚSBÉ staidéar air, b'fhéidir go n-eiseofaí Rabhadh Bia (chuig an AE) ag brath ar a dtuairim faoin riosca. D'eisigh an saotharlann 11 Tuirisc um Ghuais/Éilliú Bia i 2010 a bhain le: Dé-ocsaíd Sulfair in ispíní (4), aibreoga (1) & Fataí Scafa (1); Mearcair i gColgán (1); Ubh neamhdhearbhaithe i rísíní iógart (1); Pis Talún Neamhdhearbhaithe i mbarra torthaí & cnónna (1); Híostaimín i dtuinnín stánaithe (1); Aigéad Fólach i bhforlíonta bia (1). Eisíodh 4 fhógra RASFF mar gheall ar na tuairiscí um éilliú bia thuas.

Tugtar achoimre thíos ar líon iomlán na dTuarascálacha um Ghuais/Éilliú Bia atá eisithe ag an saotharlann seo go dtí seo:

2010	11	2005	23
2009	14	2004	16
2008	7	2003	16
2007	24	2002	19
2006	26	2001	43

### 3. UISCÍ/EISILTIGH

#### 3.1 Réamhrá

Cuireann an saotharlann seirbhís tástála uisce ar fáil don FSS, d'Údarás Áitiúla, don phobal ginearálta agus do thionscal áitiúil.

Rinne an saotharlann anailís ar 8,613 sampla uisce uilig i 2010. Is samplaí d'uiscí inólta, uiscí snámha, uiscí linnte, eisiltigh agus haema-scagdehalaithe a bhí iontu seo. Is uisce le n-ól formhór na samplaí a thagann isteach, agus tástáiltear iad féachaint an gcloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce le nÓl) 2007, I.R. 278 de 2007.



#### 3.2 Foinsí Shamplaí 2010.

Tagann samplaí isteach ó go leor foinsí éagsúla, mar a léirítear i dTábla 8.

**Tábla 8 - Foinsí na Samplaí a fuarthas i 2010**

Foinse	Líon
Gaillimh (FSS)	1,663
Comhairle Chontae na Gaillimhe	103
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	585
Maigh Eo	1,349
Ros Comáin	222
Dún na nGall	1,497
Sligeach/Liatroim	395
Tiobraid Árann Thuaidh	624
An Clár	333
Luimneach	554
Haema-scagdehalú (Ospidéal)	385
Ilghnéitheach	903
<b>IOMLÁN</b>	<b>8,613</b>

#### 3.3 Caighdeán Uisce

Léiríonn tástáil na saotharlainne seo ardleibhéal comhlíonta ar an iomlán sna paraiméadair a tástáladh. I 2010 ba ó shamplaí príobháideacha uisce le n-ól iad breis agus leath na gcinn a bhí os cionn an leibhéal cuí. Ní féidir léargas cruinn a fháil ar an gcaighdeán ina iomláine gan breathnú ar an gcaighdeán baictéareolaíoch agus ar pharaiméadair breise ceimiceacha atá foilsithe ag an GCC.

Bunaithe ar staidéir eolaíochta, rangaigh an ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um thaighde ailse (IARC) truaillitheoirí uisce i 5 ghrúpa bunaithe ar a gcarcanaigineacht mar atá léirithe i dTábla 9.

**Tábla 9: Rangú IARC ar thruaillitheoirí uisce**

Grúpa	Rangú
1	Carcanaigineach don duine
2A	Is dócha go bhfuil carcanaigineach don duine
2B	B'fhéidir go bhfuil carcanaigineach don duine
3	Ní féidir a charcanaigineacht don duine a rangú.
4	Is dócha nach bhfuil carcanaigineach do dhaoine

#### 3.4 Fluairídiú Soláthairtí Uisce Poiblí.

Tá fluairíd i dtimpeall 0.3% de screamh an domhain. Úsáidtear go forleathan é i bhfluairídiú soláthairtí uisce, i bhformhór na n-ainéistéic ghinearálta, i mbratú in aghaidh frithchaiteamh, in antaibheathacha, i gcórais cuisniúcháin agus aerchóiriúcháin.

Tá fluairíd á chur sna Soláthairtí Uisce Poiblí in Éirinn óna 1960adaí ar mhaithe le sláinte fiacla a fheabhsú. Sonraíonn Rialacháin Fluairídiú Soláthairtí Uisce 2007, (I.R. Uimh. 42 de 2007, raon tíuchana 0.6mg/L go 0.8mg/L fluairíde. Faoi réir na Rialachán freisin, caithfear monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal fluairíde sna soláthairtí uisce sin a gcuirtear fluairíd iontu ag tráthanna nach mó ná 1 mhí féilire. Déanann an saotharlann seo an tástáil oifigiúil, míosúil, fluairíde ar na soláthairtí fluairídithe uilig sa réigiún. Tá na torthaí in Aguisín 5.

### 3.5 Paraiméadair Cheimiceacha Uisce le nÓI

Is féidir anailís a dhéanamh ar suas le 35 paraiméadar ceimiceach éagsúil sna samplaí seo. Tá achoimre thíos ar thorthaí pharaiméadair roghnaithe, féach Táblaí 10 & 11.

#### 3.5.1 Comhdhúile Orgánacha Soghailithe (VOCs).

Is aicme comhdhúile iad VOCs a áiríonn, i gcomhthéacs Uisce Inólta, Tríhalaimeatáin (THMs), Beinséin 1,2, Déchlóireatán, Tríchlóireitín agus Teitreaclóireitín.

Ní comhdhúile nádúrtha iad Tríhalaimeatáin. Is fotháirgí iad den phróiseas díghalraithe, mar thoradh ar imoibriú idir an clóirín a chuirtear ann agus ábhar orgánach, a d'fhéadfadh a bheith san uisce go nádúrtha. Braitheann ráta agus méid na foirmíochta ar an tiúchan sa gclóirín agus san aigéid húmasach, ar an teocht, pH agus tiúchan an ian bhróimíde.


Tá Clóraform (an THM is fairsinge) agus Brómaidhéchlóraimeatán rangaithe ag IARC mar ghníomhairí de ghrúpa 2B. Tá luach paraiméadrach sláinte bhunaithe 100 µg/L leagtha síos ag an AE do THM's (I.R. 278 de 2007).

Tá achoimre ar thorthaí 2010 i dTábla 10. Tá torthaí arda ann mar gheall ar anailís leanúnach ar líon áirithe soláthairtí uisce.

**Tábla 10: Torthaí Tríhalaimeatán i 2010**

Torthaí Tríhalaimeatán (µg/L)							
Raon Tiúchana	≤ 10	11-50	51-100	101-150	151-200	201-300	> 300
Líon Samplaí	130	160	176	101	80	28	6

I measc na VOCs eile ar deineadh anailís orthu sa saotharlann bhí Tríchlóireitín agus Teitreaclóireitín (a húsáidtear do díbhealú miotail agus sa tionscal tirimghlanta), 1,2 Déchlóireatán (a húsáidtear i ndéanamh vinilclóiríd) agus Beinséin (a húsáidtear go príomha i ndéanamh ceimiceán orgánach eile). Tá torthaí na bparaiméadar seo i dTábla 11.



#### 3.5.2 Alúmanam

Tá alúmanaim ar an dúil miotalach is fairsinge agus déanann suas timpeall 8% de screamh an domhain. Is minic a úsáidtear salainn alúmanaim i ngléasraí cóireála uisce mar théachtaigh le hábhar orgánach, dath, moirtiúlacht agus leibhéal na miocrorgánach a laghdú. Faightear réidh leis an Alúmanam ina dhiaidh sin, ach d'fhéadfadh rian de a bheith fágtha san uisce cóireáilte. Níl an luach paraiméadrach 200 g/L in uisce cóireáilte bunaithe ar shláinte ach go gcoisceann sé íslíú i gcaighdeán uisce (moirtiúlacht agus dath) an líonra dáiliúcháin mar gheall ar shil-leagan hidrocсаáidí alúmaniam.

#### 3.5.3 Amóiniam

Tagann amóiniam sa timpeallacht as próisis meitibileacha, talmhaíochta agus tionsclaíochta agus as díghalrú le clóramíní. De ghnáth bíonn leibhéal nádúrtha screamhuisce agus uisce dromchla níos lú ná 0.1 mg/L. Tá luach paraiméadrach 0.3 mg/L leagtha síos ag an AE d'uisce óil (I.R. 278 de 2007). D'fhéadfadh gur cosúlacht truaillithe é na leibhéal amóiniam a bheith níos airde ná an luach paraiméadrach. Bhain suas le 90% de sháruithe 2010 le samplaí ilghnéitheacha (Tábla 11).

#### 3.5.4 Arsanaic

Is í an úsáid is mó a bhaintear as Arsanaic agus as comhdhúile neamhorgánacha arsanaice ná mar ghníomhairí cóimhiotalaithe i ndéanamh trasraitheoirí, léasair agus leathsheoltóirí. Is é an bealach is mó a dtéann arsanaic isteach i bhfoinsí uisce óil ná trí thuaslagadh mianraí agus mianaigh nádúrtha. Tá achoimre ar thorthaí na bliana 2010 i dTábla 11. Ní mór a rá gur bhain 98% de na sáruithe le samplaí príobháideacha.

### 3.5.5 Bórón

Úsáidtear comhdhúile bóróin i ndéanamh gloine, gallúnach, glantóirí agus lasairmhoillitheacha. Tá Bórón i screamhuisce go nádúrtha, ach nuair a bhíonn sé in uisce dromchla is minic gur as diúscairt eisilteach séarachais cóireáilte a eascraíonn sé, mar go mbíonn sé i roinnt glantóirí.

Ag cruinniú i 2009, mhol Coiste um Chaighdeán Uisce Óil an EDS (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte) go n-athrófaí Luach na Treoirlíne Bóróin ón luach reatha 1.0 mg/L go 2.4 mg/L. Áireofar an Luach Treoirlíne athbhreithnithe agus an Ráiteas Achoimre sa 4ú heagrán de na Treoirlínte um Chaighdeán Uisce Óil a fhoilseofar i 2011.

### 3.5.6 Caidmiam agus comhdhúile caidmiam

Úsáidtear miotal caidmiam sa tionscal cruach agus i bplaisteach. Baintear go leor úsáide as comhdhúile caidmiam i gceallraí. Scaoiltear caidmiam isteach sa timpeallacht as screamhuisce, agus tagann truailliú idirleata as éilliú ó leasacháin agus truailliú áitiúil aeir. D'fhéadfadh truailliú in uisce le n-ól a theacht freisin ó eisíontas i sinc píopaí agus sádar galbhánaithe agus ó roinnt feistí miotail.

### 3.5.7 Cróimiam

Tá cróimiam fairsing i screamh an domhain. Úsáidtear i gcuid mhaith rudaí é, mar gheall go bhfuil sé cruach agus frithchreimneach. Tá maignéad iontach ann freisin. Is i ndéanamh cruach dhosmálta is mó a úsáidtear é mar go gcoisceann sé creimeadh agus dídhathú cruach. Tá cróimiam (III) nó cróimiam trífhíúsach riachtanach don cholainn ach i méideanna fíorbheag. Teastaíonn sé do mheitibileacht lipide agus siúcra go príomha.

### 3.5.8 Dath

De ghnáth is mar gheall ar ábhar orgánach daite sa gcuid húmasach d'ithir go mbíonn dath ar uisce óil. Tá baint mhór freisin ag láithreachas iarainn agus miotail eile leis. Níl aon luach treoirlíne sláinte-bhunaithe ann do dhath, cé go n-úsáidtear an leibhéal 20 mg/L Pt-Co de ghnáth.

### 3.5.9 Copar

Is cothaitheach riachtanach don duine é copar. Úsáidtear freisin é i ndéanamh píopaí, comhlaí agus feistí agus bíonn sé i gcóimhiotail agus i mbratú. Bíonn tiúcháin éagsúla copair in uisce óil, agus de ghnáth tagann an chuid is mó de as creimeadh taobh istigh sna píopaí copair. Bíonn an creimeadh seo níos measa nuair

atá an t-uisce aigéadach nó an-bhog. D'fhéadfadh copar rian a fhágáil ar éadaí agus ar fhearas sláintíochta ag tiúcháin níos airde ná 1 mg/Lítear.

### 3.5.10 Iarann

Tá iarann ar an dara miotal is fairsinge i screamh an domhain agus é ina dhúil riachtanach i gothú an duine. Is annamh go bhfaightear iarann eiliminteach go nádúrtha mar go gcuingríonn na hiain iarainn Fe<sup>2+</sup> agus Fe<sup>3+</sup> go furasta le comhdhúile ina bhfuil ocsaigin agus sulfar agus go gcruthaítear ocsaídí, hidreocsáídí, carbónáití agus suilfidí. Bíonn salainn iarainn(III) neamhsheasmhach i soláthairtí uisce óil agus deasctar iad mar hidreocsáid iarainn dothuaslagtha a shocraíonn síos mar shiolta ar dhath meirg. D'fhéadfadh iarann (II) ar thiúchain glac maith milligram an lítear a bheith i screamhuisce anaeróbacha gan dídhathú ná moirtiúlacht a bheith san uisce má táthar á chaidéalú go díreach as tobar. D'fhéadfadh sé go bhféadfadh tiúchain os cionn 0.3 mg/Lítear rian ar éadaí nite agus ar fheistí pluiméireachta.

### 3.5.11 Luaidhe

Úsáidtear luaidhe den chuid is mó i ndéanamh ceallraí luaidhe-aigéadach, sádar agus cóimhiotail. Bíonn tionchar ag Luaidhe freisin ar fhorbairt na gcóras néarógach agus ar fhorbairtí intleachtacha agus iompraíochta. Dá bhrí sin, tá riosca níos airde ann don ghin agus do leanaí faoi sé bliana d'aois.

Tháinig íslíú ar thiúchain luaidhe san aer agus i mbia de bharr laghdú domhanda ar úsáid breiseán le luaidhe iontu i bpeitreal agus ar sádar le luaidhe iontu sa tionscal próiseála bia, agus tógtar isteach an chuid is mó den iontógáil iomlán as uisce óil. Is annamh luaidhe in uisce mar gheall ar thuaslagadh as foinsí nádúrtha. Is mó a bhíonn sé ann mar gheall ar luaidhe i bpíopaí, sádar agus feistí an chórais pluiméireachta tí nó sa gceangal seirbhíse leis na tithe. Braitheann an méid luaidhe a bhíonn tuaslagtha as an gcóras pluiméireachta ar roinnt factóirí, ina measc, pH, teocht, cruas an uisce agus an fad a bhíonn an t-uisce sna píopaí.

Ísleofar an luach paraiméadrach reatha ó 25 µg/L (I.R. 278 de 2007) go 10g/L Luaidhe i 2013.

### 3.5.12 Mangainéis

Tá mangainéis ar cheann de na miotail is fairsinge i screamh an domhain, agus faightear é i dteannta iarann de ghnáth. Tá sé riachtanach don duine agus d'ainmhithe eile. Is i ndéanamh cruach is mó a úsáidtear é. Is féidir é a úsáid freisin mar bhreiseán i bpeitreal gan luaidhe, chun an grádú ochtáin a mhéadú agus an cnagadh innill a laghdú.

### 3.5.13 Nicil

Is i ndéanamh cruach dhosmálta agus cóimhiotail nicil is mó a úsáidtear nicil. Is miotal riachtanach é d'fhorbairt an duine, cé nach bhfuil a mheitibileacht iomlán soiléir.

### 3.5.14 Níotráit agus Nítrít

Is iain nádúrtha iad Níotráit agus Nítrít atá mar chuid den timthriall nítrigine. Is tiúchan íseal níotráite a bhíonn i screamhuisce agus in uisce dromchla de ghnáth, ach gur féidir leis na leibhéil ardú go mór mar gheall ar láisteadh nó sileadh ó thalamh talmhaíochta nó truailliú ó shalachar daonna agus ainmhithe de bharr ocsaídiú amóinia.

Is é nítrít an t-idirmheánach in ocsaídiú amóinia le níotráit agus mar sin ceistítear caighdeán an uisce ina mbíonn leibhéil shuntasacha nítríte. Tá achoimre ar thorthaí 2010 i dTábla II. Bhain 90% de na sárúithe le samplaí príobháideacha.

### 3.5.15 Seilíniam agus comhdhúile seilíniam

Úsáidtear Seilíniam agus comhdhúile seilíniam go príomha do dhéanamh gloine agus mar líonna (gníomhairí dathúcháin) do phéint, plaisteach, ceirmeacht agus glórnú. Tá seilíniam riachtanach don duine. Tá ról lárnach aige i rialú thionchar na hormón thíoróideach ar mheitibileacht saille.

### 3.5.16 Moirtiúlacht

Is tomhas é moirtiúlacht ar an ábhar a bhíonn ar snámh in uisce. Tá méadú ar a thábhacht ó thaobh caighdeán uisce a dhéanamh amach. Déantar iarracht anois moirtiúlacht a rialú ag na hoibreacha uisce le ráigeanna cripteaspóiridiam a chosc.

### 3.5.17 Sinc

Is riandúil riachtanach é sinc atá ar fáil i mbeagnach chuile bhia agus uisce óil i bhfoirm salainn nó coimpléasc orgánach. Tá sé riachtanach do chuid mhaith feidhmeanna bitheolaíochta ar nós frithsheasmhacht

galar, cneasú créachtaí, díleá agus atáirgeadh. I measc na n-úsáidí is mó a bhaintear as sinc tá bratú frithchreimneach ar chruach (galbhánú), in ábhair thógála, cógaisíochta agus cosmaidí.

Cé nach gnách le leibhéal sínce in uiscí dromchla agus screamhuisce dul os cionn 0.01mg/L agus 0.05 mg/L fá seach, d'fhéadfadh na tiúchain in uisce sconna a bheith i bhfad níos airde mar gheall ar thuaslagadh sínce i bpluiméireacht tí. Léiríonn staidéir dhaonna nach bhfuil gá le luach treoirlíne do sinc.



### 3.6 Uisce Haema-Scagdhealaithe

Bíonn córais um chóireáil uisce i bhfeidhm in aonaid Haema-Scagdhealaithe chun uisce íonaithe a sholáthar le n-úsáid i meaisíní Scagdhealaithe. Rinne an saotharlann anailís ar 385 sampla a seoladh isteach. I measc na bparaiméadar a ndéantar anailís orthu tá sóidiam, potaisiam, cruas agus raon miotal.

### 3.7 Samplaí Príobháideacha

Cuireann an saotharlann seirbhís ar fáil do dhaoine príobháideacha chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna nó gearáin faoi chaighdeán uisce. Tástáladh 887 sampla do dhaoine príobháideacha i 2010.

**Tábla 11 Achoimre ar thorthaí uisce óil 2010**

Paraiméadar	Rátáil IARC	Luach Paraiméadrach	Líon Samplaí	% Sáruithe
Beinséin	Grúpa 1	1.0 µg/L	681	0 (0.0%)
Tríchlóireitín Teitreaclóireitín	Grúpa 2B	10 µg/L	681	4 (0.6%)
1,2 Déchlóireatán	Grúpa 2B	3.0 µg/L	681	0 (0.0%)
Dath	n/bh	Inghlactha ag tomhaltóirí agus gan aon athrú neamhghnách	5,067	<sup>1</sup> 326 (6.4%)
Moirtíúlacht	n/bh		5,076	<sup>1</sup> 256 (5.0%)
Alúmanam	n/bh	200 µg/L	5,101	183(3.6%)
Níotráit	n/bh	50 mg/L	5,305	13 (0.2%)
Nítrít	n/bh	0.5 mg/L	5,323	8 (0.2%)
Amóiniam	n/bh	0.3 mg/L	5,204	108 (2.1%)
Iarann	n/bh	200 µg/L	5,096	425 (8.3%)
Mangainéis	n/bh	50 µg/L	5,094	334 (6.6%)
Copar	n/bh	2.0 mg/L	1,496	36 (2.4%)
Caidmiam	Grúpa 1	5.0 µg/L	1,397	4 (0.3%)
Luaidhe	Grúpa 2A	25 µg/L	1,801	103 (5.7%)
Arsanaic	Grúpa 1	10 µg/L	1,415	65 (4.6%)
Cróimiam	Grúpa 1 <sup>2</sup>	50 µg/L	1,393	5 (0.4%)
Nicil	Grúpa 2B	20 µg/L	1,445	39 (2.7%)
Selléiniam	Grúpa 3	10 µg/L	1,397	5 (0.4%)
Bórón	n/bh	1.0 mg/L	1,409	3 (0.2%)
Sinc	n/bh	-	1,422	<sup>3</sup> 6 (0.4%)

<sup>1</sup> Cé nach bhfuil aon luachanna treoilíne sláinte-bhunaithe leagtha síos do dhath agus moirtíúlacht úsáidtear na leibhéil 20 mg/L Pt-Co agus 4.0 NTU fá seach mar luachanna treoilíne de ghnáth.

<sup>2</sup> Tagraíonn rangú do Chróimiam heicsifhiúsach

<sup>3</sup> Líon na samplaí since a thug toradh >3mg/L. (Níl aon luach treoilíne sláinte-bhunaithe leagtha síos do sinc cé nach mbeadh leibhéal >3mg/L inghlactha do thomhaltóirí.)

### 3.8 Uiscí Snámha

Tástáladh uiscí snámha agus sruthanna ionraoin chuig áiteanna snámha féachaint an raibh siad ag comhlíonadh Rialacháin um Chaighdeán Uisce Snámha 1992 (I.R. Uimh. 155 de 1992. Beidh Rialacháin um Chaighdeán Uisce Snámha 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008) i bhfeidhm do shéasúr snámha 2011 in áit na reachtaíochta seo.

Deineadh anailís ar 291 sampla uilig. I measc na bparaiméadar ar deineadh anailís orthu bhí ocsaigín tuaslagtha, pH, dath agus amóinia. Bhí formhór na samplaí ar deineadh anailís orthu ag cloí go hiomlán leis an reachtaíocht.

### 3.9 Uiscí Linnte

Déanann an saotharlann anailís ar leibhéil clóirín/bróimín, mar aon leis an méid iomlán solad

tuaslagtha agus alcaileacht in uiscí linnte agus seacúsaithe. Deineadh anailís ar 4780 sampla i 2010. Níl aon reachtaíocht ann faoi láthair do rialú na bparaiméadar seo. Bhí 17 de na samplaí le clóirín iomlán > 10mg/L. Bhí iomlán na solad tuaslagtha idir < 10 agus 6853mg/L agus na leibhéil alcaileachta idir <10 agus 987mg/L.

### 3.10 Eisiltigh

Déanann an saotharlann raon leathan anailíse ar shamplaí d'eisiltigh. Deineadh anailís ar 111 sampla uilig. I measc na bparaiméadar a tástáladh bhí éileamh ocsaigín Bithcheimiceach (BOD), éileamh ocsaigín ceimiceach (COD), solaid ar snámh, saill, olaí agus gréisc, ocsaigín tuaslagtha, fosfáit (intuaslagtha agus iomlán), níotráit, nítrít, amóinia agus raon miotal.

## 4. TRUAILLIÚ AEIR

### 4.1 Reachtaíocht Eorpach

Is iad na hionstraimí reachtúla Eorpacha faoi láthair maidir le rialú an chaighdeáin aeir ná **Treoir 2008/50/CE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Aer níos Glaine (CAFE) don Eoraip agus Treoir 2004/107/CE (4ú treoiríníon ó threoir Creata roimhe seo).**

Tá an treoir CAFE á fheidhmiú anois in áit cúig ionstraim reachtúil a bhíodh ann agus amach anseo nasctar Treoir 2004/107/CE é féin isteach sa treoir CAFE. Beidh sé níos soiléire agus níos simplí treoir amháin a bheith ann in áit sé phíosa éagsúil reachtaíochta.

Leagtha amach sa treoir CAFE tá an chaoi le monatóireacht, measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar Cháilíocht an Aeir mar aon leis na teorainneacha do na paraiméadair seo a leanas:

- Dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaíd nítrigine, ábhar cáithnínach agus luaidhe.
- Beinséin, aonocsaíd charbóin agus ózón.

Tá sprioc-teorainneacha leagtha síos i dTreoir 2004/107/CE do na paraiméadair seo a leanas:

- Arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha.



### 4.2 Reachtaíocht Náisiúnta

Ba iad “Rialacháin 1999 um Mheasúnú agus Bainistiú Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh”, I.R. Uimh. 33 de 1999 an príomhionstraim reachtúil a bhí ann le linn 2010 do rialú aerthruaillí. Le linn dó seo a bheith á scríobh, (Bealtaine 2011) tháinig Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2011, I.R. Uimh. 180 de 2011 ina áit, seo é trasú na treorach CAFE. Trasúidh an Treoir eile, 2004/107/CE, ina reachtaíocht de chuid na hÉireann i 2009 le I.R. Uimh. 58 de 2009.

Tá an tír roinnte ina ceithre chrios ó thaobh monatóireacht agus bainistiú chaighdeán an aeir. Tá Cathair na Gaillimhe i gCrios C in éineacht le Cathair Luimnigh, Cathair Phort Láirge agus 18 baile agus ceantar uirbeach eile timpeall na tíre. Tá líon na stáisiún monatóireachta i ngach crios leagtha síos freisin.

### 4.3 Torthaí Saotharlainne

Tá dhá stáisiún monatóireachta á fheidhmiú ag an saotharlann seo ag dhá ionad sa gcathair, in aice thimpeallán Bodkin (in aice le Currys) agus ag Oibreacha Uisce Thír Oileáin.

Déantar an obair seo ar son Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is iad na paraiméadair a ndéantar monatóireacht orthu ná Dé-ocsaíd Sulfair, Deatach Dubh agus PM<sub>10</sub>.

Tuairiscítear sonraí a bhíonn taifeadta ag an saotharlann chuig an GCC agus foilsíonn siadsan iad.

#### 4.3.1 Dé-ocsaíd Sulfair

D'fhéadfadh Dé-Ocxaíd Sulfair a bheith san aer mar gheall ar an timpeallacht nádúrtha féin nó ó bheith ag dó breoslaí le Sulfar iontu. D'fhéadfadh deacrachtaí riospráide agus dochar don éiceachóras a theacht as leibhéil arda SO<sub>2</sub>. Is réamhtheachtaí mór é den bháisteach aigéadach.

Sonraíonn na rialacháin monatóir amháin SO<sub>2</sub> i gcrios C. Feidhmíonn an GCC aonad monatóireachta soghluaiste sa gcrios seo. Tá an saotharlann ag leanúint ar aghaidh leis an monatóireacht SO<sub>2</sub> ag an dá stáisiún sa gcathair. Tá torthaí 2010 á dtaispeáint in Aguisín 6.



Níor sáraíodh an teora laethúil  $125 \mu\text{g}/\text{m}^3$  atá leagtha síos do chosaint an tsláinte phoiblí am ar bith le linn na bliana.

#### 4.3.2 Deatach Dubh

Is é an bealach traidisiúnta a bhíodh ann le theacht ar an méid ábhar cáithnínach san aer ná an deatach dubh a thomhas. Téann treoirlínte reachtúla siar go 1980.

Go reachtach, ó Eanáir 2005, ní gá an paraiméadar seo a thomhas ach tá an saotharlann fós ag leanúint orthu á thomhas ag an dá stáisiún monatóireachta. De bharr an méid sonraí atá bailithe le roinnt mhaith blianta feictear go bhfuil sé úsáideach leanúint leis an tomhas seo mar go gcuideoidh sé le staidéar na dtreochtaí fadtéarmacha.

#### 4.3.3 $\text{PM}_{10}$

Is  $\text{PM}_{10}$  an téarma a úsáidtear le cuntas a thabhairt ar ábhar cáithnínach le trastomhas de 10m nó níos lú. D'fhéadfadh meascán casta súiche, ábhar orgánach agus neamhorgánach a bheith sna cáithníní seo. Tá neart foinsí  $\text{PM}_{10}$  ann, ina measc dó díosail agus breoslaí soladacha agus dusta ó thrácht bóthair.

Baineann an imní faoina leibhéil  $\text{PM}_{10}$  leis na deacrachtaí riospráide a thagann óna n-análú.

Faoi réir na Rialachán Aercháilíochta, caithfear monatóireacht a dhéanamh ag dhá ionad i gCrios C. Tá aonad amháin monatóireachta dá leithéid á fheidhmiú ag an GCC in áis soghluaiste. Tá an t-aonad monatóireachta eile á fheidhmiú ag an saotharlann seo sa stáisiún monatóireachta ag timpeallán Bodkin.

Sna Rialacháin leagtar síos meánteora  $50 \text{g}/\text{m}^3$  i 24 uair an chloig agus ní chheadáítear é seo a shárú níos mó ná 35 babhta i mbliain féilire, agus tá meánteora bliantúil  $40 \text{g}/\text{m}^3$  ann do  $\text{PM}_{10}$  anna.

Sáraíodh an meánteora do 24 uair an chloig babhta amháin le linn na bliana. Ba é an luach ab airde a taifeadh ná  $57 \text{g}/\text{m}^3$ . Ba é an meánluach laethúil don bhliain ná  $16.4 \text{g}/\text{m}^3$ .

Tá torthaí na bliana 2010 in Aguisín 6.

## 5. CÓGASÍOCHT & TOCSAINEOLAÍOCHT

### 5.1 SAOTHARLANN CÓGASÍOCHTA

**Seirbhís do Bhord Leigheasra na hÉireann** ([www.imb.ie](http://www.imb.ie)). Is é feidhm Bhord Leigheasra na hÉireann (IMB) ná sláinte poiblí agus ainmhithe a chosaint agus a chothú trí chógais daonna agus tréidliachta, agus fearais chógaisíochta atá ar fáil le díol nó déanta in Éirinn a rialú, agus a bheith páirteach i gcórais atá deartha leis an rud céanna a dhéanamh ar fud an AE.

Tá seirbhís anailíseach curtha ar fáil ag an saotharlann seo ó 1976 do Bhord Leigheasra na hÉireann, an “Bord Náisiúnta Comhairliúchán Drugaí” roimhe seo, chun táirgí drugaí agus cógais a thástáil mar aon le comhairle agus tacaíocht theicniúil a bhaineann le tástáil cógas a sholáthar.

Chuipe seo, tá Rannóg Chógaisíochta Shaotharlann Anailísí Phoiblí Ghaillimh, ceaptha mar Shaotharlann Oifigiúil Rialú Cógas (OMCL) faoi chreat na Treorach Eorpaigh um Chaighdeán Cógas agus Cúram Sláinte (EDQM) agus Chomhairle na hEorpa.

#### Ról mar Shaotharlann Oifigiúil Rialú Cógas (OMCL)

Ag leibhéal **Náisiúnta**, cuidíonn an saotharlann le cosaint sláinte phoiblí agus le feidhm rialaitheach Bhord Leigheasra na hÉireann trí shonraí anailíseacha neamhspleácha agus comhairle theicniúil faoi tháirgí cógaisíochta a sholáthar a thugann deis do Bhord Leigheasra na hÉireann cinntí eolasacha a dhéanamh faoi chaighdeán agus faoi stádas um comhlíonadh cógas.

Ag leibhéal **Eorpach**, bíonn an saotharlann páirteach i ngníomhaíochtaí den Líonra OMCL (comhoibriú idir shaotharlanna rialaitheacha tástála cógas atá deartha le cumarsáid a fheabhsú, comhoibriú a chur chun cinn agus modhanna oibre a chomhchuíbhíú san AE agus i stáit eile). Áirítear sna gníomhaíochtaí seo tá tástáil ar Tháirgí Cógas Lárúdaraithe (CAP), tástáil ar Tháirgí Comhaitheanta/Díláraithe (MRP/DCPs), agus páirteachas i Staidéir do Thástáil Inniúlachta (PTS).

(chun tuilleadh eolais a fháil féach [www.edqm.eu](http://www.edqm.eu), Rialú ar Rannóg na gCógas)

### Anailís

Déantar an tástáil ar na Cógais de réir monagraif an Pharmacopoeia Eorpach, Pharmacopoeia na Breataine, Pharmacopoeia Stáit Aontaithe Mheiriceá agus/nó modhanna cuideachta. Déantar go leor tástálacha éagsúla ar gach sampla ag áireamh: Tástáil Nochta, Aonfhoirmeacht Maise, pH, Aitheantas agus Measúnacht le HPLC, Aitheantas agus Measúnacht le UV-Vis, Aonfhoirmeacht Ábhar, Tuaslagadh, Measúnacht le Titrimetry, Dearbhú Uisce le Karl Fischer, Cailteanas le Triomacht, Aitheantas le IR, Aitheantas le TLC, Sainrothlú Optúil, Pointe Leá, Sainmheáchan, Substaintí Gaolmhara le HPLC, srl.

I 2010 sheol Bord Leigheasra na hÉireann/EDQM isteach 82 sampla d'earraí leighis le tástáil. Eisíodh Teastais Anailise do 85 sampla, ag áireamh roinnt samplaí ón mbliain roimhe sin.

Tá sonraí na dtorthaí anailiseacha i dTuarascáil Bhliantúil 2010 Bhord Leigheasra na hÉireann (féach [www.imb.ie](http://www.imb.ie)).

Tá géarghá le pearsanra breise saotharlainne sa réimse seo. De bharr na géarchéime eacnamaíochta agus an cosc ar earcú foirne faoi láthair san FSS ní dóigh go bhfostófar baill foirne saotharlainne breise sa ngearrthréimhse.

### Córas Cáilíochta

Caithfidh OMCLanna oibriú le córas cáilíochta bunaithe ar ISO/IEC 17025 chun cáilíocht agus comparáideacht torthaí a chinntiú laistigh den Líonra. Cuireadh cur chuige “Scóip Solúbtha” i bhfeidhm ar roinnt tástálacha sa saotharlann ar iarratas ón INAB (Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann). Cheadaigh Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann an t-athrú go hoifigiúil i Márta 2010.

Mar OMCL ní mór don saotharlann oibriú freisin de réir threoirlínte atá eisithe ag an Líonra EDQM-OMCL agus atá glactha ag an EA (European Accreditation Cooperation) i leith raon topaicí teicniúla agus ráthú caighdeáni (chun breis eolais a fháil féach féach [www.edqm.eu](http://www.edqm.eu)).

### Scéimeanna do Thástáil Inniúlachta

I 2010, ghlac an saotharlann páirt rathúil i Scéimeanna do Thástáil Inniúlachta a bhí eagraithe ag EDQM agus Pharmassure agus clúdaíodh na réimsí seo a leanas: Measúnacht le HPLC, Tuaslagadh, pH, Dlús, Pointe Leá, Cailteanas de bharr Triomú, Cinneadh Uisce le Karl Fischer, Aitheantas le IR agus Speictreafótaiméadracht UV.

### Cruinnithe

D'fhreastail ball amháin foirne ar Chruinniú Bliantúil Líonra Eorpach EDQM na OMCLanna a bhí i Split sa mBealtaine agus ar chruinniú bliantúil CAP a bhí i Londain i mí na Samhna. Mhainigh Bord Leigheasra na hÉireann an péire acu.

## 5.2 Saotharlann Tocsaineolaíochta

Soláthraítear seirbhís tocsaineolaíochta bunúsach, do Phaiteolaithe agus Lianna Comhairleacha FSS an Iarthair go príomha ach freisin do Thréidlianna agus do bhaill den phobal.

Déantar anailís neamhspleách d'alcól ar shamplaí fola agus fuail “samplaí B” a thógtar faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Tástáladh 21 sampla acu seo i 2010, agus bhí 86% acu os cionn an teora dleathach.

Tástáladh 198 sampla uilig i 2010, mar atá léirithe thíos:

Eatánól (Scrúdú Iarbháis)	129
Eatánól (An tAcht um Thrácht ar Bhóithre)	21
Tástálacha Inniúlachta	39
Paraquat	6
Eatánól (Earraí Bia)	3

### Córas Cáilíochta

Bíonn an saotharlann páirteach i Scéim Sheachtrach Measúnú Cáilíochta (UKNEQAS) a bhíonn eagraithe ag Cardiff Bioanalytical Services Ltd agus i Scéim Thástáil Inniúlachta Quartz i leith Tiomáint Lagaithe a bhíonn eagraithe ag LGC.

## 6. COSMAIDÍ

### 6.1 Reachtaíocht Cosmaidí

In Éirinn, tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha) I.R. Uimh. 870/2004 éifeacht do “Threoir um Chosmaidí” 76/768/EEC Chomhairle an AE mar aon le leasuithe. Tá an reachtaíocht Eorpach athmhúnlaite ina Rialachán nua (CE Uimh. 1223/2009) agus beidh sé i bhfeidhm ón 11 Iúil 2013. Caithfidh an Tionscal Cosmaidí cloí leis na caighdeáin atá leagtha síos sa Treoir & sna Rialacháin.

### 6.2 Rialú agus Forfheidhmiú Oifigiúil ar Reachtaíocht na gCosmaidí in Éirinn

Ón 1 Deireadh Fómhair 2010, is iad Bord Leigheasra na hÉireann (IMB) an tÚdarás Inniúlachta náisiúnta maidir le feidhmiú reachtaíocht na gcosmaidí. Anois comhordaíonn an IMB rialú agus faireachas cosmaidí, m.sh. tá tús curtha le Pleananna náisiúnta Faireachas Cosmaidí idir Bord Leigheasra na hÉireann agus an FSS. Tá Coiste Stiúrtha um Shábháilteacht Cosmaidí anois ann le ballraíocht air ó Bhord Leigheasra na hÉireann agus ón FSS (méadófar an ballraíocht i 2011). Comhordaíonn an Grúpa um Rialú Cosmaidí gníomhaíochtaí náisiúnta FSS taobh istigh den FSS (freagraí RAPEX, sampláil Buan-nósanna Oibre (SOP's), oiliúint srl.). Tá grúpa oibre um chaighdeáin cosmaidí (Grúpa Comhairleach um Chaighdeáin Cosmaidí) curtha le chéile freisin ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.



Is líonra iad na Saotharlanna Oifigiúla um Rialú Cosmaidí, gur ball muidne díobh, de na Saotharlanna Oifigiúla um Rialú Cosmaidí a bunaíodh laistigh den Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúram Sláinte (EDQM).

Is é RAPEX an córas mear-rabhaidh AE a thugann fógra faoi ghuaiseanna/rioscaí a bhaineann le cosmaidí agus táirgí eile tomhaltóirí:

[http://ec.europa.eu/consumers/docs/110511\\_rapex\\_anual\\_report\\_2010\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/consumers/docs/110511_rapex_anual_report_2010_en.pdf)

Is í an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) [www.consumerconnect.ie](http://www.consumerconnect.ie) atá i mbun RAPEX in Éirinn.

### 6.3 Torthaí 2010

Tá achoimre i dTábla 12 ar an tástáil cosmaidí a deineadh sa saotharlann seo i 2010.

**Tábla 12: Mórthorthaí 2010 do Thástáil na gCosmaidí**

Paraiméadar Tástála	Cineálacha Cosmaidí	Samplaí Tástáilte	Comhlíonadh	Neamhchomhlíonadh
Formaildéad	Táirgí cóireála gruaige	31	16	15
Luidhe (Pb) <sup>1</sup>	Péint aghaidh, Smidiú Leanaí & Daoine Fásta	1020	1018	2
Caidmiam (Cd) <sup>1</sup>	Péint aghaidh, Smidiú Leanaí & Daoine Fásta	1020	1020	0
Glicól Dé-eitiléine	Slaod Fiacla	70	69	1
p-Feiniléindé-aimín	Dathanna Gruaige	29	29	0
Hidreacuineon	Uachtair, Gallúnacha srl.	39	39	0
Mearcair	Uachtair, Gallúnacha (Gealú)	43	43	0
Scrúdú ar Lipéadú Ginearálta	Smidiú, Péint Aghaidh, Slaod Fiacla, Dath Gruaige, Uachtair srl.	253	142	111
Aigéad Salaicileach	Glantóir Éadain	1	1	0
Methyldibromoglutaronitril <sup>2</sup>	Uachtar, Sobal Folctha, Táirgí Gruaige	4	4	0
N-Nitrosodiethanolamine <sup>2</sup>	Mascára, Línteoir Súl	2	2	0
pH	Glantóir, Táirgí Gruaige	2	2	0


<sup>1</sup> Deineadh tástáil luidhe & caidmiam ar 260 sampla (cosmaidí il-chomhábhar den chuid is mó) a raibh 1020 fo-chomhábhar iontu.

<sup>2</sup> Anailís curtha amach ar conradh

**Nóta:** tagann samplaí isteach ó oifigigh údaraithe an FSS (Oifigigh Sláinte Chomhshaoil) féachaint an bhfuiltear ag cloí le rialacháin na gcosmaidí. Déileáilann na OSCanna agus Bord Leigheasra an hÉireann mar is cuí leis na samplaí nach mbíonn ag cloí leo.

### 6.3.1 Formaldéad i nDíriteoirí Gruaige srl.

**Ginearálta:** Is ceimiceach ard-ghníomhach é formaldéad a mbaintear go leor úsáidí as, úsáidtear é mar leasaitheach ceadaithe i gcosmaidí. Is gás é formaldéad ainhidriúil sna gnáthchoinníollacha, ach go n-úsáideann tionscail de ghnáth é mar thuaslagán in uisce (formailín). Imoibríonn formaldéad san uisce agus cruthaítear formaldéad hidráitithe, ar a dtugtar gliocól meitiléine.



Tá an t-imoibriú iniompaithe, ciallaíonn sin, gur féidir le gliocól meitiléine scaoileadh le formaldéad i gcúinsí áirithe. Dá bhrí sin, cé nach í an fhoirm cheimiceach céanna atá ar ghás formaldéadach le tuaslagáin formailíne (nó gliocól meitiléine) agus formaldéad is mar a chéile a dhéileálar leo ó thaobh sábháilteachta/tocsaineachta de. Tá tocsaineacht ionanáilthe ard ag formaldéad agus é aitheanta mar íogróir craicinn. Tá formaldéad á rialú go docht faoi reachtaíocht cosmaidí AE (féach Cuid 6.1) a leagan síos uasteora 0.2% formaldéid<sup>1</sup> i ngnáth-tháirgí cosmaidí. Ní cheadaítear formaldéad a úsáid i spraeanna aeráil mar gheall ar a thocsaineacht ard ionanáilthe. Caithfidh lipéad leis an rabhadh "formaldéad anseo" a bheith ar na táirgí cosmaidí uilig a bhfuil formaldéad iontu (agus ar leasaitheacha eile a scaoileann le formaldéad) nuair atá an tiúchan formaldéid os cionn 0.05%.

De bharr gearán tomhaltóra, fuarthas sampla de dhíriteoirí gruaige ag deireadh 2009 le hanailís a dhéanamh air. Bhí iomarca formaldéid<sup>2</sup> ann (2% vs. teora dleathach 0.2%), dá bhrí sin tarraingíodh siar an táirge agus eisíodh Rabhadh RAPEX AE i 2010. I 2010 tugadh isteach modheolaíochtaí tástála oifigiúla nua (UV agus HPLC) sa saotharlann seo le haghaidh formaldéad. Chuir an t-údarás inniúil (IMB) tús leis an bhfaireachas náisiúnta ar tháirgí 'comhionanna' ar mhargadh gruaigearachta na hÉireann féachaint an raibh táirgeoirí eile ag úsáid formaldéad ina dtáirgí díriú gruaige (féach Torthaí 2010 thíos).

<sup>1</sup> "formaldéad agus paraformaldéad: (a) Táirgí seachas cinn sláinteachas béil – 0.2% (luaite mar saor-formaldéad)"

<sup>2</sup> Buntástáil tugtha ar conradh do shaotharlann Gearmánach.

#### 6.3.1.1 Torthaí 2010:

Tástáladh 31 sampla uilig de tháirgí sleamhnú/díriú gruaige i 2010. Bhí na torthaí formaldéid idir "níos lú ná 0.04%" agus 9.5%, le 16 sampla os cionn an teora reachtúil 0.2%. Bhí ceithre shampla ann a bhí ag cloí leis an teora formaldéid ach ná raibh ag cloí leis an lipéadú. D'eisigh an saotharlann 13 Tuairisc um Ghuais/Éilliú Cosmaidí (faoi 16 sampla) chuig na OSCanna agus chuig Bord Leigheasra na hÉireann as ar eascair 5 chás Rabhadh RAPEX ar fud an AE uilig.

Bhí sé neamhghnách gurbh í Éirinn an chéad tír san Eoraip a tháinig trasna ar an bhfadhb agus a dhéileáil leis. Ba é an cás formaldéid an chéad chás sábháilteachta cosmaidí go raibh an FSS, an Roinn Sláinte & Leanáil agus Bord Leigheasra na hÉireann ag obair air le chéile.

Le linn an iniúchta, cheistigh roinnt de na tionscail a bhí i gceist modheolaíocht thástáil oifigiúil an AE ag rá gurbh é an modh féin a bhí lochtach, agus gur le linn na hanailíse a tharla an saor-formaldéad. Ceistíodh measúnú sábháilteachta na dtáirgí freisin, bhíothas ag argóint gur gliocól meitiléine a bhí sna táirgí in áit formaldéad, sé sin ag argóint gur ceimiceán dífriúil é gliocól meitiléine agus formaldéad.

Le comhsheasmhacht na dtorthaí tástála oifigiúla a chinntiú, d'eagraigh an saotharlann triail idirshaotharlann ar cúig cinn de na táirgí le saotharlann oifigiúil rialú cosmaidí na hOllainne (NL VWA). Bhí na torthaí ag teacht le chéile thar cionn, féach thíos.



## Formaidéad i nDíríteoirí Gruaige – Comparáid IdirShaotharlann

Sampla	Modh Datha (U.V.) SAP Ghaillimh (Treoir 82/434/EEC) )Formaidéad (%)	Modh HPLC SAP Ghaillimh (Treoir 82/434/EEC) "Saor-Formaidéad" (%)	NL VWA "Formaidéad Iomlán" (%)	NL VWA "Saor- Formaidéad" (%)
1	2.2	2.0	2.06	2.13
2	1.7	1.9	1.69	1.81
3	1.7	1.7	1.66	1.8
4	0.16	0.10	0.19	0.18
5	Nil tástáilte	1.80	1.76	1.96

Chomh maith leis sin tástáladh 4 cinn de na díriteoirí gruaige le modh díreach neamhlochdach, <sup>13</sup>C NMR. Dheimhnigh na torthaí\* NMR go raibh an iomarca formaidéid (gliocól meitiléine) sna díriteoirí gruaige, féach thíos.

Cód an tSampla	Treoir 82/434/EEC modh HPLC Formaidéad (%)	*Modh Díreach <sup>13</sup> C NMR Formaidéad (%)
A	1.9	1.9
B	1.7	1.8
C	8.8	7.4
D	0.6	0.87

\* Deineadh an tástáil <sup>13</sup>C NMR i rannóg Cheimice Choláiste na hOllscoile Gaillimh (gléas Jeol 400MHz)

Léirigh an tástáil go raibh na modhanna oifigiúla sásúil ar an iomlán.

Le linn na n-iniúchtaí in Éirinn, bhí Rannóg Sábháilteachta & Sláinte Cheirde Oregon, agus 'Health Canada' níos deireanaí ná sin, ag scrúdú na ceiste ina ndlínsí féin mar gheall ar ghearáin tomhaltóra sna SA agus i gCeanada. Chuir Bord Leigheasra na hÉireann agus An Roinn Sláinte & Leanaí na torthaí in iúl do na comhlachtaí éagsúla AE (Buainchoiste AE, PEMSAC srl.)

Bhí baill eile den AE páirteach ann faoi lár 2010. I mí na Samhna 2010, d'eisigh Údarás Measúnú Riosca na Gearmáine, BfR, ([www.bfr.bund.de](http://www.bfr.bund.de)) Tuairim ar dhíríteoirí gruaige le formaidéad iontu (BfR Opinion 045/2010), ina luaitear go soiléir an dochar a d'fheadfadh a bheith sna táirgí seo (ina bhfuil 1.8% formaidéad) do shláinte na ndaoine a úsáideann iad.

I 2010, i gcomhar le EDQM, chuidigh an saotharlann seo le bunú Scéim um Thastáil Inniúlachta le haghaidh formaidéad i gcosmaidí. Bhí torthaí na scéime PTS sásúil.

### 6.3.2 Miotail Throma

Tástáladh 260 sampla anseo i 2010 (béaldathanna, snasanna béil, péint aghaidh, mascára agus pacáistí smididh & srl.) do Luaidhe (Pb) agus Caidmiam (Cd). Ba phacáistí il-chomhpháirteanna le cineálacha agus dathanna éagsúla cosmaidí go leor acu; tástáladh 1020 comhpháirt nó foshampla san iomlán (féach Tábla 13 d'achóimre na dtorthaí a fuarthas). Scagthástáladh na samplaí ar dtús le Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) agus measadh ansin iad le speictriméadracht ionsú adamhaigh (AAS) má bhí gá leis. Tá torthaí na samplaí cainníochta á dtaispeáint sa tábla thíos.

**Tábla 13a: Torthaí Luaidhe i gCosmaidí 2010 (torthaí AAS)**

Luaidhe (Pb)	
Raon na dTorthaí (mg/kg)	Líon FoShamplaí
<5.0	127
5.0 - 10.0	10
10.1 - 20.0	23
20.1 - 100	3
101 - 1,000	1
>1,000	0
<b>Iomlán</b>	<b>164</b>

**Tábla 13b: Torthaí Caidmiam i gCosmaidí 2010 (torthaí AAS)**

Caidmiam (Cd)	
Raon na dTorthaí (mg/kg)	Líon FoShamplaí
<0.25	132
0.25 - 1.0	2
1.1 - 2.0	8
2.1 - 5.0	11
>5.0	0
<b>Iomlán</b>	<b>153</b>

Níl aon teorainn ar leith leagtha síos do Mhiotail Throma sa Treoir Cosmaidí ná sna Rialacháin. Glacadh teorainn Luaidhe (Pb) 20mg/kg agus teorainn Caidmiam (Cd) 5mg/kg (teorainneacha leagtha síos ag BfR/An Ghearmáin) mar thomhas eatramhach do chríocho oifigiúla rialúcháin. Bhí 4 comhpháirt os cionn na teorann Luaidhe 20 mg/kg i 2010. Ní raibh an iomarca Caidmiam in aon cheann. Is feabhas mór é seo ar 2008 agus 2009 nuair a bhí sárúithe Luaidhe ag 77 agus 31 fá seach. Ba iad líon na sárúithe Caidmiam ná 19 i 2008 agus 3 i 2009. Léiríonn seo go bhfuil ag éirí go maith leis an bhfaireachas seo.

Fuarthas 17 sampla de chosmaidí brandáilte go bréagach ó OSCanna in aerfort Bhaile Átha Cliath. Ar cheann acu seo bhí snas béil dearg a raibh 638mg/kg luaidhe ann, agus ní raibh lipéadú cuí ar 14 acu. Cuireadh amach rabhadh RAPEX mar gheall ar shampla de bhéaldath dearg, páirt de phacáiste smidiú páistí ina raibh 69mg/kg luaidhe.


Go deireanach i 2010, fuarthas leibhéal arda Nicil, Antamóin agus Cróimiam i roinnt samplaí. Faoi láthair níl aon teorainn ar leith leagtha síos san AE ná in Éirinn do na miotail seo i gcosmaidí, tá an cás curtha faoi bhráid Bhord Leigheasra na hÉireann le tuilleadh iniúchadh a dhéanamh air.

### 6.3.3 Hidreacuineon in Uachtair craicinn srl.

Tá cáil ar tháirgí Hidreacuineoin ar mhargaí na hÁise agus na hAfraice mar gheall ar a n-airíonna d'éadromú craicinn, agus iad ar fáil corr uair i dtáirgí cosmaideacha a dhíoltar i siopaí "Eitneacha". Úsáidtear iad seo ar an taobh amuigh, sé sin, ar an gcraiceann de ghnáth (m.sh. uachtair, olaí, lóiseanna) le píosaí den chraiceann a bhíonn níos dorcha agus rudaí ar nós breicíní agus chloasma (ar a dtugtar melasma freisin), spotaí aoise agus aicne a éadromú.

Tá cosc ar Hidreacuineon (ag gach leibhéal) mar ghníomhaí d'éadromú craicinn.

Tástáladh 39 sampla sa saotharlann i 2010 agus ní raibh hidreacuineon in aon cheann acu. Léiríonn seo feabhas leanúnach ó 2008 agus 2009 nuair a bhí hidreacuineon i 47% agus 18% de na samplaí fá seach. Feictear óna torthaí go bhfuil sprioc-fhorfheidhmiú ag oibriú sa réimse seo.



In Aibreán 2010, de bharr anailís ar chosmaidí ina raibh Hidreacuineon agus mearcair d'éirigh leis an FSS (OSCanna Baile Bhainséir) úinéir siopa Eitneach i mBaile Átha Cliath a chúiseamh mar gheall ar a bheith ag soláthar na dtáirgí seo.

Bhí an saotharlann gníomhach sa ngréasán OCCL, chuidigh agus ghlac siad páirt rathúil i Scéim um Thástáil Inniúlachta do hidreacuineon a bhí eagraithe ag EDQM agus bhí na torthaí sásúil.

### 6.3.4 para-Feiniléindé-aimín i nDathanna Gruaige

Tástáladh 29 sampla dath gruaige le haghaidh para-Feiniléindé-aimín (PPD), seo dath gruaige ceadaithe ina bhfuil airíonna ailléirgeacha agus uasteora 6%. Níor sháraigh sampla ar bith an teora 6%, agus ní raibh ach dhá shampla a raibh rian PPD iontu (0.15 agus 2.7%). Tháinig teora nua 2% para-peiniléindé-aimín i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2010 (Treoir 2009/130/CE).

### 6.3.5 Gliocól Dé-eitiléin i dTaos Fiacla

I ndiaidh faireachas a deineadh i 2009, socraíodh go ndéanfaí suirbhé náisiúnta taos fiacla i 2010 le béim ar thaos fiacla páistí nó taos fiacla ar phraghas íseal. Ní raibh ach sampla amháin as na 70 sampla a tástáladh a bhí ag sárú na teorann cuí DEG (3.3 %, in aghaidh teorainn reachtúil 0.1% Rialachán na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha, Leasú 2009).

### 6.3.6 Lipéadú Cosmaidí

Scrúdaíodh 253 sampla i 2010 féachaint an raibh siad ag cloí leis na riachtanais lipéadaithe sna Rialacháin Cosmaidí (I.R. Uimh.870 de 2004). Ní raibh 111 (44%) sampla ag cloí leis na riachtanais, bhaineadar seo le roinnt de na riachtanais lipéadaithe seo a leanas, nó iad uilig, a bheith fágtha ar lár: seoladh an déantóra, siombail stórála, dátaí íosmharthanachta agus baiscuimhreacha.

### 6.3.7 Tástáil eile ar Chosmaidí

Ag éirí as tuairisciú frithghníomhú diúltach fuarthas sampla de ghlantóir éadain d'anailís aigéad salaicileach. Bhí an toradh ag cloí leis an teora reachtúil. De bharr Rabhaidh eile RAPEX, fuarthas 4 shampla (féach Tábla 12) d'anailís methyldibromoglutaronitrile agus 2 shampla d'anailís N-nitrosodiethanolamine. Ní raibh ceachtar de na truaillitheoirí seo sna táirgí a tástáladh (tástáil curtha amach ar conradh).

### 6.3.8 Achoimre ar Thuairiscí um Ghuais /Éilliú Cosmaidí a heisíodh i 2010

Tástáiltear samplaí cosmaidí lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus ag cloí le caighdeáin shábháilteachta ginearálta nó ar leith. Eisiúnn an saotharlann Tuairiscí um Ghuais/Éilliú Cosmaidí nuair a léiríonn torthaí anailíse go bhfuil guais ar leith ann. Bíonn anailís riosca i gceist sna tuairiscí seo le fáil amach an riosca mór é an guais do thomhaltóirí.

D'eisigh an saotharlann 16 Tuarascáil um Ghuais/Éilliú Cosmaidí i 2010 a bhain le: formaildeád i dtáirgí cóireála gruaige (16 sampla), Luaidhe/Bréagach (2 shampla), táirgí leis na comhábhair neamhcheadaithe, Methyldibromoglutaronitrile (2 tháirge) & Hidreacuineon (1 tháirge), ar an lipéadú.

### 6.4 Acmhainní srl.

Níl mórán acmhainní Saotharlainne ann do thástáil Cosmaidí agus ní dóigh go soláthrófar acmhainní breise mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta faoi láthair. Tá teora dá bhrí sin leis an soláthar seirbhíse sa réimse seo. Ach is cúnaimh chuige seo an dlúth-chomhoibriú agus an cur chuige comhpháirtíochta atá i Seirbhís Shaotharlann an Anailís Phoiblí. Déanann SAP Bhaile Átha Cliath an speisialtóireacht sa tástáil mhicribhitheolaíoch cosmaidí agus tá speisialtóireacht i bpiosaí ar leith de réimse na tástála ceimice ag chaon cheann de shaotharlanna Chorcaí agus Ghaillimh.

## 7. BITHMHONATÓIREACHT DAONNA

Áirítear sa bhithmhonatóireacht daonna (HBM) na leibhéil éagsúla paraiméadar atá i bhfíocháin an duine (fual, fuil, gruaig srl.). Is tomhas díreach é HBM ar thruaillitheoirí ceimiceacha timpeallachta do leibhéil nochtá ionsúcháin/coinneála na gceimiceán seo ón timpeallacht (bia, uisce, aer, cosmaidí srl.).

### Staidéar DEMOCOPHES ar Bithmhonatóireacht Daonna

